Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe
County Galway Vocational Education Committee

Lámhleabhar an Teagascóra

Clár na nábhar

RÉAMHRÁ - Seosamh Mac Donncha 3
RÉAMHRÁ - Eithne Nic Dhonnchadha 4
CUSPÓIR LÁMHLEABHAR AN TEAGASCÓRA 5
SONRAÍ TEAGMHÁLA CHOISTE GAIRMOIDEACHAIS CHONTAE NA GAILLIMHE: 6
POLASAITHE DO THEAGASCÓIRÍ 8
RÁITEAS POLASAÍ MAIDIR LE hIONTRÁIL AR CHÚRSAÍ 8
FREAGRACHTAÍ MAC LÉINN/FOGHLAIMEOIRÍ 8
RÁITEAS POLASAÍ MAIDIR LE BULAÍOCHT/LE CIAPADH 10
RÁITEAS POLASAÍ MAIDIR LE COMHDHEISEANNA DO CHOMHALTAÍ FOIRNE 12
RÁITEAS POLASAÍ MAIDIR LE SLÁINTE, SÁBHÁILTEACHT AGUS LEAS AG AN OBAIR 14
CÓD CLEACHTAIS DO CHOMHALTAÍ FOIRNE CHOISTE GAIRMOIDEACHAIS CHONTAE NA GAILLIMHE I nDÁIL LEIS AN gCAIDREAMH ATÁ ACU LE MIC LÉINN/FOGHLAIMEOIRÍ NA SCÉIME 16
EOLAS RIARACHÁIN DO THEAGASCÓIRÍ 23
CLEACHTAIS & NÓSANNA IMEACHTA FETAC 24
EOLAS FAOI FETAC (Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna) 24
DÁMHACHTAINÍ FETAC A ÁIREAMH AR CHREATOIBRE NÁISIÚNTA NA GCÁILÍOCHTAÍ 24
RIALACHA MEASÚNAITHE FETAC 25
PIONÓIS MAIDIR LE SÁRÚ NA RIALACHA MEASÚNUITHE 26
CREATOIBRE NÁISIÚNTA NA GCÁILÍOCHTAÍ 28
CLÁIR FETAC 28
MODÚ(I)L C(H)REIDIÚNAITHE FETAC A SHEACHADADH 28
FOGHLAIMEOIRÍ/MIC LÉINN A ULLMHÚ DO MHEASÚNÚ FETAC 28
CRUINNITHE ATHBHREITHNITHE LE D'FHOGHLAIMEOIRÍ 28
BREITHMHEAS CÚRSA 28
MEASTACHÁIN CHUN CRÍCHE MEASÚNAITHE FETAC A SHOLÁTHAR 28
IONTRÁLACHA DEIRIDH DO MHEASÚNÚ FETAC 29
SLÁNDÁIL OBAIR NA NIARRTHÓIRÍ 29
NÓSANNA IMEACHTA FETAC 30
OBAIR A LEAGAN ISTEACH 30
PORTFÓILIÓNNA FETAC A CHUR I LÁTHAIR 30
NÓS IMEACHTA ACHOMHARC FETAC 31
TREOIRLÍNTE MAIDIR LE TASCANNA A DHEARADH 32
FOIRMEACHA 33
FOIRM SEICLIOSTA AN TEAGASCÓRA 33
SONRAÍ AN CHÚRSA (FETAC) 34
FOIRM CHLÁRÚCHÁIN FOGHLAIMEORA 1 35
FOIRM CLÁRÚCHÁIN FOGHLAIMEORA 2 36
TAIFEAD TINRIMH RANGA 37
FOIRM SÍNITHE ISTEACH AN FHOGHLAIMEORA 39
MEASÚNÚ TOSAIGH FOGHLAIMEOIRÍ 40
IARRATAS AR THACAÍOCHT MIC LÉINN 41

IARRATAS AR THACAÍOCHT FOGHLAMA BHREISE....41
CLÁR SEACHADTA AN CHÚRSA....42
PLEAN CEACHTA FETAC....43
LEABHAR TINRIMH SCRÚDAITHE....44
LIOSTA IARRTHÓIRÍ....44
FOIRM ADMHÁLA TAISC (Tascanna FETAC)....45
FOIRM ADMHÁLA PORTFÓILIÓNNA....46
FOIRM IONTRÁLA UM MEASÚNÚ A MHEAS (EAEF)....47
FOIRM UM THORTHAÍ AN MHEASÚNAITHE IONTRÁLA (AREF)....48
AINM AN MHIC LÉINN....48
TORTHAÍ MEASÚNAITHE FETAC (Monatóir Inmheánach)....49
CLEACHTAS MACHNAMHACH – Treoirlínte....50
MACHNAMH AN TEAGASCÓRA....51
MACHNAMH MIC LÉINN....52
BREITHMHEAS – TREOIRLÍNTE....53
AISEOLAS Ó THAIFEAD NA bhFOGHLAIMEOIRÍ....54
FOIRM FÉIN-BHREITHMHEASA TEAGASCÓRA....55
FOIRM BREITHMHEASA TÉARMA MIC LÉINN....56
BREITHMHEAS DEIRIDH CÚRSA....57
AN FHOGHLAIMEORA/AN MHIC LÉINN....57
FOIRM ANAILÍSE AR RIACHTANAIS OILIÚNA....58
AN TEAGASCÓRA....58
FILLTEÁN AN TEAGASCÓRA A ULLMHÚ....59
SEICLIOSTA DO THEAGASCÓIRÍ....60
TREOIR MAIDIR LE FOIRMEACHA A ÚSÁID & A CHOMHLÁNÚ....61

COISTE GAIRMOIDEACHAIS CHONTAE NA GAILLIMHE

RÉAMHRÁ - Seosamh Mac Donncha

Tugann sé pléisiúr mór dom fáilte a chur romhat chuig "Foghlaim ar Feadh an tSaoil i gContae na Gaillimhe". Cuireadh an Lámhleabhar Teagascóra seo i dtoll a chéile ar mhaithe le gach Teagascóir atá bainteach le cláir Oideachas Aosach, Breisoideachais agus Oideachas Pobail. Istigh ann tá eolas tábhachtach faoi pholasaithe, nósanna imeachta agus rialacháin atá ábhartha duitse mar Theagascóir.

Trínár seirbhísí d'Oideachas Aosach, Breisoideachais agus Pobail, féachaimid i gcónaí le deiseanna foghlama d'ard chaighdeán a thairiscint, a thabharfaidh deis d'fhoghlaimeoirí a lánacmhainneacht a fhíorú. Tá na cláir seo á gcur ar fáil ag ár Scoileanna agus Ionaid ar fud an Chontae. Forbraíodh iad i gcomhar le raon leathan comhpháirtithe ar mhaithe leis an bhfoghlaimeoir. Freastalaímid ar thrasghearradh leathan den phobal, ag cur deiseanna foghlama ar fáil ar mhaithe le forbairt ghairme, ghairmiúil agus phearsanta.

Le linn don Lámhleabhar Teagascóra seo bheith á chur i dtoll a chéile, bhíomar airdeallach ar bhur ról i gcur ar fáil na seirbhíse oideachais thar-a-bheith tábhachtach seo dár bhfoghlaimeoirí. Cé go n-aithním doimhneacht agus fairsinge bhur dtaithí ghairmiúil féin, tá súil agam go mbeidh an Lámhleabhar seo ina acmhainn luachmhar bhreise duit agus tú ag soláthar agus ag cruthú deiseanna oideachasúla dár bhfoghlaimeoirí ar fad.

Go mbaine tú taitneamh agus tairbhe as an lámhleabhar cuimsitheach seo.

Seosamh Mac Donncha
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe

RÉAMHRÁ - Eithne Nic Dhonnchadha

I s cuid dár saol laethúil anois foghlaim ar feadh an tsaoil. Tá cruthú deiseanna oideachasúla dár bhfoghlaimeoirí ar fad agus cinntiú go bhfanann ár gcláir ar fad ceannródaíoch ag leibhéal scileanna ionad oibre leabaithe inár ráiteas misin. Tairgimid bealach soiléir rochtana, aistrithe agus dul chun cinn dár bhfoghlaimeoirí. Tá an fhoireann aosoideachais de shíor ag athbhreithniú na gclár atá á gcur ar fáil agus ag cinntiú go mbíonn siad comhoiriúnach le treochtaí eacnamaíochta agus forbartha.

As na dúshláin a bhaineann le comdhéanamh socheacnamaíoch na tíre, tagann deiseanna freisin a bheith rannpháirteach i gclár oideachais atá cuimsitheach agus roinnte. Tá dualgas orainn a chinntiú freisin go n-éiríonn le foghlaimeoirí tairbhiú as creat cáilíochtaí trí dhul chun cinn a dhéanamh, gan bhac. Tá uas-sciliú, athsciliú agus an bhéim ar chroí-inniúlachtaí lárnach dár n-aidhmeanna agus dár gcuspóirí. Is é ár misean agus ár bhfís sna blianta beaga amach romhainn a chinntiú go n-aithníonn na cláir a thairgimid an timpeallacht shíorathraíoch sa 21ú hAois. Féachann an lámhleabhar seo lenár dtiomantas do shárchleachtais oideachasúla a athdhearbhú agus cinntíonn sé go mbíonn ár bhfoghlaimeoirí lárnach i gcónaí sna modheolaíochtaí teagaisc a chleachtaímid. Tacaíonn sé le ról múinteora agus teagascóra mar chleachtóirí machnamhacha sa seomra ranga, rud a chinntíonn go n-éiríonn linn clár oideachais atá cuimsitheach, uileghabhálach agus ábhartha a chur ar fáil.

Eithne Nic Dhonnchadha
Oifigeach d'Oideachas Aosach

RÉAMHRÁ

Tá Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe i measc 33 Coiste Gairmoideachais ag obair sa Stát atá freagrach as raon seirbhísí a chur ar fáil cosúil le hoideachas dara leibhéal, oideachas d'aosaigh agus breisoideachas agus seirbhísí tacaíochta eile do dhaoine óga agus do dhaoine fásta i gContae na Gaillimhe.

Cuid lárnach d'obair an Choiste é Oideachas Aosach agus Breisoideachas agus bíonn sé mar aidhm ag na cláir ar fad freastal ar riachtanais spriocghrúpaí éagsúla go háirithe daoine dífhostaithe – daoine atá dífhostaithe le tréimhse fhada mar aon le daoine atá díreach dífhostaithe – luathfhágálaithe scoile, daoine ar mian leo scileanna nua a shealbhú agus dul i mbun oibre arís. Tá réimse leathan clár agus ábhar in ionaid éagsúla ar fud an chontae faoi chúram an Choiste Gairmoideachais – Litearthacht, Oideachas Pobail, Oideachas sna hEalaíona, Treoir maidir le hOideachas d'Aosaigh, Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS), Ógtheagmháil, Treoirthionscnamh Oiliúna don Lucht Siúil Sinsir, Cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta agus cláir Filleadh ar an Oideachas ina measc. I measc na nithe eile atá faoi chúram an Choiste Gairmoideachais tá an Scéim Deontas Tríú Leibhéal, Iompar Scoile, Gnóthaí Óige agus Oideachas Allamuigh.

Soláthraí cláraithe FETAC (Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna) é Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe agus tá cúrsaí lánaimseartha agus páirtaimseartha éagsúla á dtairiscint ag an gCoiste i scoileanna/in ionaid éagsúla agus mar chuid de Chláir Aosach agus Breisoideachais.

CUSPÓIR LÁMHLEABHAR AN TEAGASCÓRA

Is é atá mar chuspóir le lámhleabhar an teagascóra cabhrú le teagascóirí, le Príomhoidí scoile, le Stiúrthóirí agus Comhordaitheoirí Ionaid agus le comhordaitheoirí clár FETAC san obair laethúil a bhaineann le seachadadh clár FETAC Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe.

Tharraing Dearbhú Cáilíochta FETAC aird ar an ngá atá le Lámhleabhair ar leith do Theagascóirí, do Mhic Léinn agus d'Ionaid ionas gur féidir taifeadadh éifeachtach a dhéanamh ar na nósanna imeachta a theastaíonn chun na riachtanais Dearbhaithe Cáilíochta a chomhlíonadh.

De réir mar atá córas cáilíochta Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe á fhorbairt, is léir go bhfuil roinnt mhaith de na riachtanais dearbhaithe cáilíochta i bhfeidhm cheana féin agus á gcur i bhfeidhm mar atá. Cuireadh an lámhleabhar seo i dtoll a chéile bunaithe ar an gcleachtas agus ar na modhanna is fearr atá ann cheana féin, mar aon le bearnaí ar bith a aimsíodh a líonadh. Uirlis atá ann a chabhróidh le seachadadh na gclár, agus a chinnteoidh comhsheasmhacht sna cláir FETAC atá á seachadadh cheana féin ag Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe.

SONRAÍ TEAGMHÁLA CHOISTE GAIRMOIDEACHAIS CHONTAE NA GAILLIMHE:

CEANCHEATHRÚ RIARACHÁIN:
Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe,
An Coiléar Bán, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe**.**
Teil: 091-874260
Facs: 091-874270
Suíomh Gréasáin: www.countygalwayvec.com
Ríomhphost: enquiries@cogalvec.ie
Seosamh Mac Donncha – Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Seán Ó Dufaigh – Oifigeach Oideachais
Eithne Nic Dhonnchadha – Oifigeach d'Oideachas Aosach
Mairéad Nic Thomáis – Bainisteoir Acmhainní Daonna
Charlie Mitchell – Oifigeach Airgeadais
Tomás Breathnach – Timire Gaeilge
Máire Uí Éanaigh – Áisitheoir Oideachas Pobail
Mary Lane Heneghan – Comhordaitheoir FETAC

SCOILEANNA

Tuaim (093) 24237	Eileen Ní Dhúláinne
An Creagán (09096) 79231	Áine Máire Ní Chearúil
Baile Locha Riach (091) 841919	Seán Ó Conghaile
An Cnoc Breac (09096) 75811	Pádraig Ó Ceallaigh
Indreabhán & Inis Meáin (091) 593119	Gearóid Ó Dubhlaoich
Corr na Móna (09495) 48006	Áine Bhreathnach
Baile Átha an Rí (091) 844159	Alan Ó Mongaigh
Baile Átha an Rí, Col. an Eachréidh (091) 874590	Brian Ó Maoilchiaráin
Inis Meáin, Oileáin Árann (099) 61184	Mairéad Ní Fhátharta
Inis Oírr, Oileáin Árann (099) 75016	Bríd Uí Dhonncha
Ros Muc (091) 574100	Peadar Ó Loideáin
Cill Rónáin, Óileáin Árann (099) 61184	Micheál Ó Goill

IONAID ÓGTHEAGMHÁLA

Tuaim (093) 26246	David Parslow
Béal Átha na Slua (09096) 42158	Bill Day
Leitir Fraic (095) 41893	Theresa McLoughlin
Leitir Móir (091) 551473	Elesia Ní Cheannabháin
Port Omna (09097) 59576	Isabelle Ní Dhúinn

IONAID SCÉIM DEISEANNA OILIÚNA GAIRME (VTOS)

Tuaim (093) 25651	Michael McDonagh
Béal Átha na Slua (09096) 46492	Cathal Larkin
Ros Muc (091) 574411	Mairéad Seoighe
Leitir Fraic (095) 41302	Sorcha O'Toole

IONAID OILIÚNA DON LUCHT TAISTIL

Teach Madonna, Béal Átha na Slua (09096) 43479	Rita Coen
Ionad Naomh Benin, Tuaim (093) 28640	Gerardine McDonagh
Ionad Naomh Breandán, Baile Locha Riach (091) 841387	Catherine Cooney
Béal Átha Ghártha (09066) 24003	Dympna Collett

OIFIGÍ LITEARTHACHTA

Baile Locha Riach (091) 847850	Sheila Donnellan
Tuaim (093) 26609	Sheila Holland Fox
Maigh Cuilinn (091) 555877	Teresa Gilligan
Ionad Fiontraíochta 2, Casla, Conamara (091) 506060	Neasa de Bhailis
Áth Cinn (091) 34746	Theresa Byrne

IONAD OIDEACHAIS SHEACHTRAIGH

Ionad Oideachais Sheachtraigh Cheapach na gCapall (09495) 46483	Patricia Walsh

POLASAITHE DO THEAGASCÓIRÍ

RÁITEAS POLASAÍ MAIDIR LE hIONTRÁIL AR CHÚRSAÍ

Tá iontráil ar chúrsa/ar ghníomhaíocht faoi leith faoi réir áiteanna a bheith ar fáil agus caithfear cloí le trí phrionsabal, is iad sin:

- Gurb é breithiúnas gairmiúil Údarás na Scoile/Údarás an Ionaid (is ionann an téarma 'Údarás na Scoile/Údarás an Ionaid', agus Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin nó oifigeach atá ainmnithe gníomhú ar a shon), agus i ndiaidh agallaimh (má mheastar a leithéid a bheith iomchuí) go bhfuil an foghlaimeoir/an rannpháirtí feiliúnach do chúrsa/do ghníomhaíocht.

- Gurb é breithiúnas gairmiúil Údarás na Scoile/Údarás an Ionaid, go mbainfidh an foghlaimeoir/an rannpháirtí, bunaithe ar oideachas, oiliúint nó taithí, tairbhe as freastal ar an gcúrsa i gceist.

- Go gcuirfidh rannpháirtíocht leis an gcúrsa/leis an ngníomhaíocht agus nach gcuirfear isteach ar bhealach ar bith ar dheiseanna ná ar cheart foghlaimeoirí ná comhaltaí foirne eile.

Cuirfear gach aighneas a bhaineann le háit a fháil ar chúrsa faoi bhráid an Phríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin nó oifigigh ainmnithe.

FREAGRACHTAÍ MAC LÉINN/FOGHLAIMEOIRÍ

Tá dualgas ar fhoghlaimeoirí a chinntiú go dtuigeann siad agus go gcomhlíonann siad na rialacha atá sonraithe ag Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe don scoil/ionad ina bhfuil siad cláraithe. Ní mór d'fhoghlaimeoirí a chinntiú go bhfuil na háiseanna acu – leabhair, stáiseanóireacht, trealamh agus ábhair eile – a deir Údarás na Scoile/an Ionaid atá ag teastáil. Lena chois sin, tá roinnt freagrachtaí eile ar gach foghlaimeoir:

(i) ***Leathbhádóirí***
Comhoibriú ar mhaithe le timpeallacht a chruthú ina léirítear meas agus an timpeallacht sin a chothú.

(ii) ***Comhaltaí Foirne***
Gach oibleagáid a chomhlíonadh chun a chinntiú go mbíonn an scoil/an t-ionad á rith go héifeachtach.

(iii) ***Scoil/Ionad***
Meas a léiriú d'fhoirgnimh agus do mhaoin agus a chinntiú go mbíonn meas ag an bpobal trí chéile ar an scoil/ar an ionad.

(iv) ***An Pobal***
Iad féin a iompar go freagrach agus le meas sa phobal.

(v) ***Sláinte agus Sábháilteacht***
A chinntiú go gcloítear le nósanna agus le rialacha Sláinte agus Sábháilteachta.

MAOIN FOGHLAIMEOIRÍ
Ní ghlacann Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe aon fhreagracht as caillteanas nó as damáiste do mhaoin aon fhoghlaimeora.

MAOIN CHOISTE GAIRMOIDEACHAIS CHONTAE NA GAILLIMHE
D'fhéadfadh Foghlaimeoirí/Rannpháirtithe a bheith faoi dhliteanas costas deisiúcháin nó athsholáthair aon mhaoine a ndéantar damáiste di trí iompar toiliúil nó míchúramach a íoc.

SONRAÍ CLÁRÚCHÁIN A ATHRÚ
Níor mhór d'Fhoghlaimeoirí/do Rannpháirtithe athrú ar shonraí clárúcháin a chur in iúl don scoil/don ionad láithreach. Ní bheidh Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe freagrach as na hiarmhairtí a chruthaítear má theipeann ar an bhfoghlaimeoir/ar an rannpháirtí a leithéid d'fhógra a thabhairt.

SCRÚDUITHE
Ní mór go gcomhlíonfadh mic léinn rialacha agus rialacháin chomhlacht scrúdúcháin an chúrsa a bhfuil freastal á dhéanamh air.

TINREAMH
I ndáil le gach cúrsa/gníomhaíocht, ní mór a bheith tiomanta do fhreastal, go hiomlán agus go rialta, ar gach cuid den chlár. D'fhéadfaí a iarraidh ar fhoghlaimeoir ar bith nach bhfuil in ann an tiomantas seo an cúrsa/an ghníomhaíocht a fhágáil. Ní mór d'fhoghlaimeoirí cloí leis na rialacha tinrimh a bhaineann leis an gclár.

RÁITEAS POLASAÍ MAIDIR LE BULAÍOCHT/LE CIAPADH

Ní ghlacfaidh Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe le ciapadh, le bulaíocht nó le hiompar dímheasúil comhalta foirne nó foghlaimeora ar bith i gcoinne a chéile/duine éigin eile ar chúis ar bith. Cuspóir amháin atá luaite sa pholasaí seo dianiarracht a dhéanamh bulaíocht san ionad oibre a shainmhíniú, tuiscint ar an gceist a chur chun cinn i measc comhaltaí foirne agus nós imeachta éifeachtach a sholáthar le déileáil le líomhaintí ar bith a dhéantar.

Tá Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe tiomanta do bhearta a chosnaíonn dínit gach comhalta foirne agus gach foghlaimeora. Ba bhreá le Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe dá bhféadfá iarracht a dhéanamh timpeallacht saor ó gach cineál ciaptha a spreagadh agus meas a thabhairt ar dhínit gach duine sa timpeallacht foghlama.

Polasaí Frithbhulaíochta / Ciaptha

Treisíonn an polasaí seo tiomantas Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe don phrionsabal go bhfuil an ceart ag comhaltaí foirne/ag fostaithe oibriú i dtimpeallacht saor ó theagmhais chiaptha/bhulaíochta.

Seo a leanas cuspóirí an pholasaí:

- Dianiarracht a dhéanamh bulaíocht san ionad oibre a shainmhíniú
- An tuiscint atá ag comhaltaí foirne agus ag foghlaimeoirí ar an ábhar seo a fheabhsú
- Nós imeachta éifeachtach a sholáthar le déileáil le líomhaintí bulaíochta.

Cúlra Dlí

Tá Bulaíocht agus Ciapadh neamhdhleathach faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 1989 agus 2005 agus an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta 1998. Faoin Acht um Chomhionannas Fostaíochta, sainmhínítear in Alt 32 na forais faoinar féidir éileamh ciaptha a dhéanamh agus is iad na forais atá i gceist Inscne, Stádas Pósta, Stádas Teaghlaigh, Gnéaschlaonadh, Creideamh, Míchumas, Aois, Cine, ballraíocht den Lucht Siúil.

Sainmhíniú ar Bhulaíocht

Sainmhínítear bulaíocht mar "iompar míchuí arís agus arís eile, go díreach nó go neamhdhíreach, i bhfocail, go fisiceach, go síceolaíoch nó eile".

Áirítear bulaíocht san ionad oibre mar chineál ciaptha gan iarraidh, nach bhfáiltítear roimhe agus iompar leanúnach. D'fhéadfadh go mbeadh ábhar spreagtha lena leithéid. Is fearr é a thuiscint mar iarracht chórasach dhíreach trí iompar síceolaíoch nó fisiceach an bonn a bhaint den mheas atá ag an gcomhalta foirne/ag an bhfostaí ar a f(h)ostaíocht nó pearsa. Féadfaidh duine amháin nó níos mó a leithéid a dhéanamh i gcoinne duine eile nó daoine eile san ionad oibre agus/nó i gcúrsa a f(h)ostaíochta/a bhfostaíochta. D'fhéadfadh cur síos ar theagmhas leithlisithe den iompar a bheith feicthe mar iarracht cur isteach ar dhínit san ionad oibre ach, mar theagmhas aon uaire, ní áirítear a leithéid mar shampla de bhulaíocht.

Freagracht

Tá ceart ag comhaltaí foirne Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe oibriú i dtimpeallacht saor ó fhoirm ar bith de chiapadh, de bhulaíocht nó d'iompraíocht imeaglaithe. D'fhéadfadh ciapadh tarlú in ionad oibre ar bith. Áirítear faoi fhreagracht aonair tuiscint ar iompraíocht phearsanta a d'fhéadfadh a bheith ina cion agus a chinnteodh go mothódh an duine míchompordach nó faoi bhagairt. Is ionann bulaíocht agus ciapadh agus iompraíocht a mhilleann atmaisféar dearfach oibre agus NÍ GHLACFAR lena leithéid d'iompraíocht.

Freagróidh an lucht bainistíochta do ghearáin a bhaineann le ciapadh nó le bulaíocht agus déileálfar le gach gearán go gasta agus go tacúil. Má chuireann cóir míthaitneamach gan iarraidh isteach ar dhuine, agus má dhéanann duine gearán tríd an nós imeachta chun gearáin a dhéanamh, beidh sé/sí á c(h)osaint ó aon íospairt a bhaineann leis an ngearán a dhéanamh. Tá de fhreagracht freisin ar gach comhalta foirne a chinntiú go dtuigeann sé/sí an méid atá scríofa sa pholasaí agus sa nós imeachta seo agus caitheamh lena gcomhghleacaithe le meas agus le dínit.

Féadfar breathnú ar shárú ar an bpolasaí seo ar bhulaíocht agus ar chiapadh mar fhorais do ghníomh araíonachta – idir rabhadh ó bhéal agus dífhostú mar gheall ar chionta tromaí imeaglaithe agus bulaíochta.

Tabhair faoi deara: sliocht é seo as Polasaí Frithbhulaíochta/Ciaptha Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe.
Tá cóip iomlán den pholasaí seo mar aon le nós imeachta Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe chun déileáil le líomhaintí Bulaíochta agus Ciaptha le fáil ó do Phríomhoide, ó Stiúrthóir/ó Chomhordaitheoir an Ionaid, ón Roinn Acmhainní Daonna nó ón láithreán gréasáin.

RÁITEAS POLASAÍ MAIDIR LE COMHDHEISEANNA DO CHOMHALTAÍ FOIRNE

Is é atá mar aidhm leis an bpolasaí seo cur leis an seasamh reachtúil agus feasacht agus timpeallacht a chruthú ina mbeidh comhdheiseanna á bhforbairt agus á gcur chun cinn.

Gné lárnach de pholasaí Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe é comhdheiseanna agus, dá bhrí sin, ní mór do gach comhalta foirne aird mar is cuí a thabhairt ar an bpolasaí. Ní féidir le Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe an polasaí seo a chur i bhfeidhm gan comhoibriú agus dearcadh dearfach na gcomhaltaí foirne ar fad. Cé go bhfuil Comhdheiseanna sannta mar ghné lárnach de fhreagracht na bainistíochta, tugtar spreagadh do gach comhalta foirne comhdheiseanna a chur chun cinn i ngach gné den saol oibre.

RÁITEAS POLASAÍ

- Tá Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe tiomanta do chomhdheiseanna a léiriú i ngach cleachtas, i ngach polasaí agus i ngach nós imeachta fostaíochta.

- Cinnteoidh Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe nach bhfaighidh iarratasóir ar bith ar phost ná fostaí ar bith cóir is lú fabhar bunaithe ar inscne, stádas pósta, aois, gnéaschlaonadh, creideamh, míchumas, cine, ballraíocht den lucht siúil, i dtéarmaí earcaíochta, pá agus coinníollacha oibre, oiliúna agus taithí oibre agus deiseanna ardaithe céime.

- Roghnófar, bronnfar ardú céime agus caithfear le gach fostaí bunaithe ar chumas agus ar fhiúntas amháin agus bunaithe ar an bpost fógartha. Beidh comhdheiseanna ag gach fostaí cumas a léiriú agus dul chun cinn a dhéanamh laistigh de Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe.

IDIRDHEALÚ

Faoi Acht um Chomhionannas Fostaíochta 1998 féadfaidh idirdhealú a bheith Díreach nó Neamhdhíreach i ndáil le hinscne agus/nó stádas pósta nó i ndáil le híospairt.

Tarlaíonn Idirdhealú Díreach nuair a dhéileáiltear le duine, nó a d'fhéadfaí déileáil le duine, sna cúinsí céanna.

Tarlaíonn Idirdhealú Neamhdhíreach nuair atá dualgas ar dhuine cloí le riachtanas a bhaineann le fostaíocht nach dualgas riachtanach den phost atá ann ach a bhfuil céatadán suntasach den inscne eile nó ag a bhfuil stádas pósta difriúil in ann a chomhlíonadh.

Tarlaíonn íospairt nuair a ghearrtar pionós ar dhuine nó nuair a chaitear le duine le níos lú fabhair mar gheall ar iarracht a dhéanamh a gcearta chun cóir chomhionann a fháil, tacú le gníomhaíocht nó fógra a thabhairt maidir le rún gníomhaíocht a dhéanamh nó tacú le gníomhaíocht faoin reachtaíocht chomhionannais. Tá toirmeasc ar íospairt faoin reachtaíocht.

NÓSANNA IMEACHTA ROGHNÚCHÁIN & EARCAÍOCHTA

Soláthraíonn Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe rochtain chothrom do gach iarratasóir ag gach céim. Léireofar an tiomantas do chomhdheiseanna san fhógraíocht agus san earcaíocht ar fad. Ní chuirfear ceist ar bith maidir le hinscne, stádas pósta ná cúrsaí pearsanta roimh cheapachán a dhéanamh. Beidh agallaimh dírithe ar fheiliúnacht an iarratasóra don phost agus cumas riachtanais an phoist a chomhlíonadh. Beidh idir fhir agus mhná ar na painéil agallaimh más féidir.

ARDÚ CÉIME

Déanfar ardú céime a chinneadh bunaithe ar fheidhmiú agus ar fhiúntas an duine. Cinnteoidh an lucht bainistíochta go mbeidh gach comhalta foirne ar an eolas faoi dheiseanna gairme/ardaithe céime trí shonraí a scaipeadh agus a chrochadh ag pointí éagsúla ar fud na heagraíochta.

OILIÚINT & FORBAIRT

Spreagfar rannpháirtíocht chothrom d'fhir agus de mhná sna deiseanna oiliúna atá ar fáil dóibh agus ní bheidh aon tionchar ag toimhdí maidir le freagrachtaí teaghlaigh ar chinntí oiliúna.

TEANGA

Léireoidh Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe a thiomantas do chomhdheiseanna trí theanga neamh-idirdhealaitheach/neamh-ghnéasaíoch a úsáid i ngach cáipéis.

BULAÍOCHT & CIAPADH

Tacaíonn Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe le ceart gach comhalta foirne agus gach foghlaimeora oibriú agus staidéar i dtimpeallacht atá saor ó bhulaíocht agus ó chiapadh. Tarraingítear aird chomhaltaí foirne Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe ar pholasaí Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe maidir le Bulaíocht agus le Ciapadh. Beifear ag súil go gcloífidh comhaltaí foirne leis na polasaithe seo i gcónaí.

GEARÁIN

Ba cheart déileáil le gearáin a bhaineann le hidirdhealú trí na gnáthnósanna imeachta gearán.

RÁITEAS POLASAÍ MAIDIR LE SLÁINTE, SÁBHÁILTEACHT AGUS LEAS AG AN OBAIR

Forchuireann an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 1989 agus 2005 dualgas reachtúil ar fhostóirí sláinte agus sábháilteacht a gcuid fostaithe, le linn dóibh a bheith ag obair, a chinntiú. Glactar leis an dualgas seo agus na dualgais a leagtar amach sa reachtaíocht roimhe sin agus ina dhiaidh sin mar chuid den dualgas seo. Baineann an dualgas seo le daoine eile a bhféadfadh tionchar a bheith ag an obair sin orthu féin agus ar dhaoine eile a d'fhéadfadh a bheith thíos leis mar gheall ar a ngníomhartha nó neamhghníomhartha.
Le cois na ndualgas reachtúil sábháilteachta, sláinte agus leasa, ní mór i gcónaí tús áite a thabhairt don ghnáthdhualgas cúraim.
Ar mhaithe leis na dualgais seo a chomhlíonadh, sanntar agus comhlíontar gach freagracht a bhaineann le sláinte agus le sábháilteacht ag leibhéal bainistíochta agus leibhéal foirne/fostaithe.

Cion atá ann faoin Reachtaíocht mainneachtain na dualgais seo a urscaoileadh nó cur isteach d'aon ghnó nó go meargánta nó mí-úsáid a bhaint as rud ar bith a sholáthraítear ar mhaithe le Sábháilteacht, Sláinte agus Leas faoi na forálacha reachtúla reatha.

OILIÚINT AGUS EOLAS

Is é an polasaí atá againn a chinntiú go bhfaigheann ár bhfostaithe oiliúint chuí inár bpolasaithe agus inár nósanna imeachta.
Cuirtear oiliúint ar fáil sna rioscaí a bhaineann le comhrac dóiteáin, úsáid a bhaint as trealamh comhraicthe dóiteáin agus limistéir aslonnaithe in áitribh éagsúla.
Cuirtear oiliúint ar fhostaithe áirithe maidir le conas déileáil le timpiste agus cóireáil gharchabhrach.

EOLAS

Is é an polasaí atá againn a chinntiú go gcuirtear an t-eolas cuí ar fáil maidir le gnéithe sláinte agus sábháilteachta do chomhaltaí foirne/d'fhostaithe, do chuairteoirí agus do chonraitheoirí.
Áireofar ina measc seo:

- Ábhar an Pholasaí Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa
- Nósanna Imeachta Sábháilteachta Oibre
- Nótaí Treorach Sábháilteachta Oibre
- Eolas maidir le hOiliúint

FREAGRACHT COMHALTAÍ FOIRNE/FOSTAITHE

Tá freagracht dhlíthiúil ar gach fostaí comhoibriú le Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe. Ní mór dóibh freastal ar sheisiún oiliúna ar bith a iarrtar agus treoir nó treoirlínte nua ar bith a iarrtar a chur i bhfeidhm.

Lena chois sin, ní mór do chomhaltaí foirne/d'fhostaithe cloí le haon nós imeachta oibre athbhreithnithe ar mhaithe le sábháilteacht, ach a mbeidh an t-eolas, an treoir agus an oiliúint riachtanach faighte.

GUAISEACHA A THUAIRISCIÚ AGUS A THAIFEADADH

Cuirfear gach guais in iúl, ó bhéal, don lucht bainistíochta gan mhoill. Déanfar cinneadh maidir leis an ngníomh agus leis an tosaíocht. Déanfaidh an lucht bainistíochta imscrúdú ar an nguais tuairiscithe agus coinneofar taifead den ghníomh a rinneadh nó míniú maidir leis an gcúis nach ndearnadh gníomh ar bith sa leabhar taifead guaiseacha.

TIMPISTE A THUAIRISCIÚ AGUS A THAIFEADADH

1. Tuairisceofar gach timpiste beag beann ar dhéine. Sa chomhthéacs seo tagraíonn an téarma timpiste do gach timpiste lena n-áirítear "neastimpistí" agus damáiste do mhaoin.

2. Tuairisceofar gach timpiste don duine atá i gceannas.

3. I gcás timpiste tromaí, caithfear an láthair a fhágáil gan cur isteach uirthi, i ndiaidh chóireáil an pháirtí dhíobhálaithe, go dtí go bhfuil cead faighte.

Coinneofar taifead agus cóipeanna de gach taifead.

FREAGRACHTAÍ TEAGASCÓIRÍ

- A chinntiú gur féidir le foghlaimeoirí gach gnáthamh a dhéanamh go sábháilte agus nach gcruthaítear baol dóibh féin ná do dhaoine eile.
- Tuiscint a bheith acu agus ag na daoine faoina gcúram ar na nósanna imeachta aslonnaithe.
- A bheith eolach ar threalamh comhraicthe dóiteáin agus conas a leithéid a úsáid.
- Timpistí nó teagmhais ar bith a tharlaíonn a chur in iúl don lucht bainistíochta agus taifead a choinneáil.
- A chinntiú go gcaitear éadaí cosanta agus go n-úsáidtear trealamh cosanta áit ar cuí.
- Guaiseacha a bhaineann lena n-ábhair féin a aithint agus a chinntiú go ndéantar iad a dhíbirt nó go ndéantar gníomh cosanta ina gcoinne agus go ndéanann gach duine a mhacasamhail.
- Bíodh neart fógraí crochta ar mhaithe le haird a tharraingt ar fhadhbanna.
- A chinntiú go bhfuil tú ag cloí le reachtaíocht Sláinte agus Sábháilteachta agus go bhfuil an t-eolas is déanaí agat maidir leo.
- Cleachtais oibre shábháilte a chur chun cinn ina limistéar féin.

CÓD CLEACHTAIS DO CHOMHALTAÍ FOIRNE CHOISTE GAIRMOIDEACHAIS CHONTAE NA GAILLIMHE I NDÁIL LEIS AN GCAIDREAMH ATÁ ACU LE MIC LÉINN/FOGHLAIMEOIRÍ NA SCÉIME

RÉAMHRÁ

Tá Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe tiomanta do sheirbhís oideachais ar ardchaighdeán a sholáthar do gach mac léinn/gach foghlaimeoir i dtimpeallacht shábháilte agus shlán. Cuireadh tús leis an gCód Cleachtais foirne i ndáil le caidreamh le mic léinn na scéime ar mhaithe le tuiscint níos fearr a chruthú i measc comhaltaí foirne ar na freagrachtaí atá orthu mar chuid den chaidreamh atá ann idir comhaltaí foirne/mic léinn. Tá sé mar aidhm leis an gCód Cleachtais seo freisin a chur ina luí ar chomhaltaí foirne nach mór dóibh caidreamh ciallmhar a bheith acu le mic léinn/le foghlaimeoirí ar mhaithe le líomhaintí d'iompraíocht mhíchuí a sheachaint. Sa chomhthéacs seo ba cheart do chomhaltaí foirne cloí leis na bearta cosanta atá luaite sa Chód Cleachtais seo ar mhaithe le cásanna a sheachaint a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn le líomhaintí d'iompraíocht mhíghairmiúil/mhíchuí. D'fhéadfaí breathnú ar a leithéid de líomhaintí nó sáruithe ar an gCód Cleachtais mar fhorais imscrúdaithe de réir na nósanna imeachta reatha a bhféadfadh smachtbhannaí araíonachta a bheith i gceist leo, díbhe san áireamh.

Tá ***dualgas cúraim*** ar gach comhalta foirne de Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe i ndáil le gach mac léinn/le gach foghlaimeoir atá páirteach sa Scéim. Éilíonn an dualgas cúraim caighdeán iompair faoi leith maidir le cosaint mac léinn/foghlaimeoirí i gcoinne rioscaí míréasúnta. Tá dualgas ar gach comhalta foirne feidhmiú mar ghnáthdhuine, stuama agus réasúnta sa chaidreamh a bhíonn aige/aici le mic léinn/le foghlaimeoirí. Tá sé mar aidhm leis an gCód Cleachtais seo timpeallacht oibre agus staidéir shláintiúil agus shábháilte a chothú agus níl sé mar aidhm gnáthchaidreamh sláintiúil, gairmiúil i measc chomhaltaí foirne agus mhic léinn/fhoghlaimeoirí na heagraíochta a chosc.

GAIRMIÚLACHT

Is ionann gairmiúlacht agus iompraíocht a léiríonn meas ar spéis agus ar leas mac léinn/foghlaimeoirí faoi réir riachtanais an dlí. Tugann sé le tuiscint go mbeidh na tréithe seo a leanas ag comhaltaí foirne – inniúlacht, ionracas agus neamhchlaontacht. Dá réir sin, níor cheart go mbeadh comhaltaí foirne páirteach i gcur síos díspeagúil ar mhic léinn/ar fhoghlaimeoirí nó ar chomhghleacaithe, lena n-áirítear cur síos bunaithe orthu seo a leanas, mar shampla, cine, reiligiún, gnéaschlaonadh, aois, míchumas, stádas eacnamaíochta, stádas pósta nó aon rud eile a rá a chuireann isteach ar dhínit aon duine eile.

Tá sé mar aidhm ag Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe féinmheas agus féiníomhá dhearfach a chothú i measc mac léinn/foghlaimeoirí. Go sonrach, tá sé mar aidhm (a) cearta, cumas agus fiúntas gach duine a aithint agus tacú leo, agus (b) féin-araíonacht agus mothú freagrachta i mic léinn/i bhfoghlaimeoirí a chothú. Ba cheart do chomhaltaí foirne, trí dhea-shampla a thabhairt, dearcaí dearfacha maidir le fiúntas daoine, ceartas sóisialta agus comhdheiseanna a chur chun cinn. Is é an tslí is fearr leis seo a chur i gcrích cur chuige gairmiúil a ghlacadh a chinntíonn go mbíonn

eispéireas oideachais ar ardchaighdeán le fáil i dtimpeallacht chairdiúil agus chomhoibríoch ina léirítear meas ar an uile dhuine.

Ba cheart go mbeadh prionsabal an cheartais mar bhonn le gach caidreamh. Sa chomhthéacs seo, is iad seo a leanas ionchais na mac léinn/na bhfoghlaimeoirí:

- É/Í féin a chur in iúl, smaointe a roinnt agus ceisteanna a chur.
- Meas daoine eile a thuilleamh, agus a bheith ag súil leis go gcaithfear leo go cothrom. Níor cheart úsáid a bhaint riamh as magadh, searbhas ná ráitis a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do dhínit na mac léinn/na bhfoghlaimeoirí. Tá pionós corpartha, nó aon teagmháil fhisiceach a d'fhéadfaí a fhorléiriú mar phionós corpartha toirmiscthe.
- A bheith saor ó imeaglú agus ó bhulaíocht. Níor cheart do chomhaltaí foirne mí-úsáid a bhaint as na cumhachtaí atá acu ar shlí a chuirfeadh isteach ar ionracas an duine.
- Go réiteofar fadhbanna ar shlí réasúnach, agus go mbeidh deis aige/aici a t(h)aobh féin den scéal a insint i gcás díospóide.

TEORAINNEACHA

1. Caidreamh Gairmiúil

Le linn caidreamh dearfach le mic léinn/le foghlaimeoirí a spreagadh agus a chothú, níor mhór do chomhaltaí foirne Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe a chinntiú gur "daoine gairmiúla" iad agus chuige sin caidreamh gairmiúil a bheith acu le mic léinn/comhaltaí foirne san ionad oibre agus i suíomhanna sóisialta.

Níor chóir do chomhaltaí foirne iad féin a chur sa chás go gceapfadh mic léinn/foghlaimeoirí go bhfuil an cumas acu coimhlint nó fadhbanna pearsanta a réiteach. Níor chóir do mhic léinn/d'fhoghlaimeoirí a bheith ag súil le comhaltaí foirne déileáil ar bhealach áirithe san ionad oibre nó i gcásanna sóisialta.

2. Atreorú

Ba cheart do chomhaltaí foirne Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe tuiscint a bheith acu ar a gcumas féin déileáil go héifeachtach le ceisteanna pearsanta mic léinn/foghlaimeora. Ba cheart dó/di gníomhú láithreach bonn chun an mac léinn/an foghlaimeoir a threorú i dtreo na foinse cuí, más léir dó/di nach bhfuil sé/sí in ann cabhrú leis an mac léinn/leis an bhfoghlaimeoir na ceisteanna atá ag déanamh imní dó/di a réiteach.

3. Rúndacht

Ba cheart go mbeadh meas ag comhaltaí foirne Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe ar stádas rúnda aon eolais phearsanta a roinneann mic léinn/foghlaimeoirí leo. Ba cheart eolas a nochtadh do thríú páirtí cuí sa chás go meastar a leithéid a bheith riachtanach chun (a) an mac léinn/an foghlaimeoir a chosaint (b) leas na sochaí agus (c) leas duine éigin eile nó mac léinn/foghlaimeoir a chosaint. Ba cheart toiliú an mhic léinn/an fhoghlaimeora a fháil más féidir.

IOMPRAÍOCHT STUAMA

1. Cruinnithe Duine le Duine

Nuair a bhíonn teagmháil duine le duine ag comhaltaí foirne le mic léinn/le foghlaimeoirí, ní mór dóibh tuiscint a bheith acu ar na cineálacha líomhaintí a d'fhéadfadh eascairt óna leithéid de theagmháil. Más féidir, ba cheart doirse a fhágáil ar oscailt nuair a bhíonn an comhalta foirne ag labhairt leis an mac léinn/leis an bhfoghlaimeoir. I gcás na gcomhaltaí foirne sin a bhfuil dualgas orthu labhairt le mic léinn/le foghlaimeoirí ba cheart réamhchúraimí réasúnta agus ciallmhara a ghlacadh d'fhonn an fhéidearthacht a bhaineann le míchiall nó le líomhain a sheachaint. Ba cheart go mbeadh a leithéid de chruinnithe ar siúl sa scoil/san ionad nó i suíomh deimhnithe eile.

2. Teagmháil Fhisiceach

Ba cheart do chomhaltaí foirne teagmháil fhisiceach le mic léinn/le foghlaimeoirí – teagmháil a d'fhéadfaí míchiall a bhaint aisti – a sheachaint. D'fhéadfaí míchiall a bhaint as gothaí ócáideacha, a dhéantar le dea-rún, arís agus arís eile le mac léinn/le foghlaimeoir.

3. Gnéaschiapadh

Tarraingítear aird chomhaltaí foirne Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe ar pholasaí Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe maidir le Bulaíocht agus Ciapadh, agus Comhionannas. Beifear ag súil go gcloífidh comhaltaí foirne leis na polasaithe seo i gcónaí.

4. Gníomhaíochtaí Lasmuigh den Scoil

Áiríonn an Cód Cleachtais seo turais agus imeachtaí de chineál ar bith a eagraíonn an scoil/an t-ionad. Ba cheart go mbeadh na coinníollacha faoina dtéann mic léinn/foghlaimeoirí ar thurais agus ar imeachtaí scoile/ionaid leagtha síos go soiléir agus comhaontaithe roimh ré. Ba cheart go mbeadh plean teagmhasach ag comhaltaí foirne i gcomhar leis an lucht bainistíochta le déileáil le fadhbanna ar bith a thagann chun cinn.

IMSCRÚDUITHE & SMACHTBHANNAÍ ARAÍONACHTA

Ní nach mór déileáil leis faoi Chód Iompair na scoile/an aonaid agus nósanna imeachta araíonachta é iompar míchuí mac léinn/foghlaimeoirí.

Táthar ag súil go mbeidh comhaltaí foirne Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe gairmiúil i gcónaí agus iad ag déileáil le mic léinn/le foghlaimeoirí. Tá an phríomhfhreagracht ar chomhaltaí foirne aonair a chinntiú go bhfuil a n-iompraíocht oiriúnach agus gairmiúil i gcónaí.

Má fhaightear gearán foirmiúil nó má mheastar gur sháraigh comhalta foirne na treoirlínte seo, d'fhéadfaí fiosrúchán a dhéanamh de réir na nósanna imeachta reatha.

Is cion araíonachta é frithbheart i gcoinne fostaí nó mic léinn/foghlaimeora as gearán a dhéanamh. Ar an gcuma chéanna, caithfear le gearán mailíseach faoi na nósanna imeachta araíonachta.

Sa chás go ndéantar gníomh araíonachta i ndiaidh gearán a fiosraíodh, féadfaidh an comhalta foirne a bhí i gceist achomharc a dhéanamh faoi na nósanna imeachta reatha.

Más mian le haon chomhalta foirne soiléiriú breise a fháil faoi na saincheisteanna ar tarraingíodh aird orthu sa Chód Cleachtais seo, ba chóir an tsaincheist a phlé leis bPríomhoide/Stiúrthóir/Comhordaitheoir an Ionaid nó féadfaidh sé/sí teagmháil a dhéanamh leis an Roinn Acmhainní Daonna.

POLASAÍ MAIDIR LE hÚSÁID TEICNEOLAÍOCHTA FAISNÉISE & CUMARSÁIDE

Baineann an polasaí seo le comhaltaí foirne, mic léinn/foghlaimeoirí Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe agus daoine eile a bhfuil cead acu ríomhairí agus acmhainní líonra Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe a úsáid – acmhainní aonair nó roinnte, saorsheasaimh nó líonraithe. Ina theannta sin, baineann an polasaí seo leis na háiseanna ríomhaireachta agus líonra ar fad atá faoi rialú nó faoi chonradh Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe. Ina measc seo tá ríomhairí pearsanta, stáisiúin oibre, freastalaithe, trealamh cumarsáide mar aon le forimeallaigh agus bogearraí eile beag beann ar úsáid ar mhaithe le riarachán, le teagasc, le hoiliúint, le taighde nó ar chúiseanna eile.

SLÁNDÁIL AGUS PASFHOCAIL

Is maoin de chuid Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe é an trealamh a sholáthraíonn Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe do chomhaltaí foirne. Níor cheart d'fhostaithe a leithéid sin de threalamh (ríomhairí, ríomhairí glúine, teileafóin phóca etc.) a thógáil ón áitreabh gan cead a fháil roimh ré ón údarás cuí.

Tá an fhreagracht ar an úsáideoir a chinntiú go dtuigeann sé/sí na nósanna imeachta oibriúcháin a bhaineann leis na hacmhainní nó táirgí ríomhaireachta atá in úsáid. Ba cheart d'úsáideoir atá éiginnte maidir leis an nós imeachta a bhaineann le cás ar bith soiléiriú a fháil roimh an trealamh a úsáid.

Níor cheart d'úsáideoirí baint ar bith a bheith acu le hiompar a chuireann isteach ar an úsáid a bhaineann aon duine eile as acmhainní ríomhaireachta roinnte agus/nó gníomhaíochtaí úsáideoirí eile.

Níor cheart d'úsáideoirí úsáid a bhaint as cearta rochtana duine éigin eile nó iarracht a dhéanamh rochtain a fháil ar acmhainní ná ar shonraí nach bhfuil cead sonrach luaite leo. Níor cheart d'úsáideoirí iarracht a dhéanamh aon mheicníocht slándála a bhaineann le rochtain ar na ríomhchórais a sheachthreorú nó a fhiosrú.

Ní fhéadfaidh comhalta foirne ar bith mífhaisnéisiú a dhéanamh air/uirthi féin mar dhuine éigin eile. Áirítear anseo úsáid a bhaint as ainm úsáideora agus pasfhocal comhalta foirne éigin eile.

Ní mór go mbeadh a p(h)asfhocal féin ag gach úsáideoir agus níor cheart an pasfhocal sin a insint do dhuine ar bith eile. Féadfaidh an Roinn TF rogha a thabhairt do dhaoine pasfhocail a athrú de réir mar is cuí. Tá gach úsáideoir freagrach as rochtain slándála a ríomhaire.

ÚSÁID RÍOMHAIRÍ

Níl cead ríomhairí agus acmhainní líonra a úsáid ar mhaithe le críocha míchuí a áiríonn ach nach bhfuil teoranta do na gníomhaíochtaí seo a leanas:

- Aon ghníomh a dhéanamh go feasach a chuirfidh isteach ar ghnáthoibriú ríomhairí, forimeallach nó líonra.
- Sláine faisnéise ríomhaire-bhunaithe a scriosadh go feasach.
- Acmhainní ríomhaireachta a chur amú d'aon turas.
- Príobháideacht úsáideoirí eile a chur i mbaol.
- Cead neamhúdaraithe a thabhairt do dhuine éigin eile rochtain a fháil ar do ríomhaire nó iarracht a dhéanamh rochtain a fháil ar chomhaid ríomhaire duine éigin eile.
- Úsáid a bhaint as na háiseanna ríomhaireachta agus líonra chun críocha brabús neamhúdaraithe nó chun críocha tráchtála.
- Aon íomhá nó ábhar maslach, gáirsiúil, pornagrafach, bagarthach, clúmhillteach, gránna nó géarleanúnach a rochtain, a íoslódáil, a shábháil, a chruthú nó a sheoladh.
- Coir a dhéanamh trí úsáid ríomhaire, do dhuine eile nó leatrom a dhéanamh bunaithe ar inscne, stádas pósta, gnéaschlaonadh, reiligiún nó polaitíocht, aois, míchumas, cine, dath nó a bheith sa lucht siúil.

RÍOMHPHOST

Ba cheart ríomhphost a úsáid ar mhaithe le taighde agus le riarachán oideachais. Níor cheart úsáid a bhaint as an ríomhphost chun críocha tráchtála, tairbhe airgeadais nó úsáid phearsanta. Ba cheart d'úsáideoirí a thuiscint nach bhfuil ríomhphost slán ná nach dtugtar gealltanas ar bith go bhfuil sé príobháideach.

Níor cheart d'úsáideoirí comhaid a oscailt nó a dháileadh – comhaid a dhéanfadh dochar d'úsáid ríomhairí agus líonra.

Ní ghlacann Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe aon dliteanas as ríomhphost caillte nó scriosta.

Ba cheart do mhic léinn/d'fhoghlaimeoirí úsáid a bhaint as cuntais ríomhphoist ar an ngréasán le rochtain a fháil ar a ríomhphost ar ríomhaire ar bith, ar an gcoinníoll go bhfuil údarú faighte.

AN TIDIRLÍON

Soláthraítear rochtain ar an Idirlíon do chomhaltaí foirne agus do mhic léinn/d'fhoghlaimeoirí chun críoch gnó agus cuspóirí oideachais Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe.

ÚINÉIREACHT BOGEARRAÍ

Tá na bogearraí ar fad a sholáthraíonn Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe ceadúnaithe agus faoi úinéireacht Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe agus ní féidir na bogearraí a íoslódáil, a stóráil in áit éigin eile nó a thraschur chuig duine éigin eile. Ní féidir bogearraí ar bith a íoslódáil ón Idirlíon agus a úsáid ar

threalamh Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe gan cead a fháil roimh ré ón mBainisteoir TF. D'fhéadfadh nósanna imeachta araíonachta agus gníomh araíonachta a bheith mar thoradh ar shárú ceann ar bith de na riachtanais seo.

RÚNDACHT

Níl cead ag úsáideoirí clárú le seirbhís leictreonach ar an ngréasán gan cead a fháil roimh ré ón mBainisteoir TF, d'fhonn a chinntiú nach mbeidh eolas rúnda de chuid Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe á roinnt le tríú páirtithe agus d'fhonn a chinntiú nach gcuirtear isteach ar na córais chumarsáide.
Níor mhór d'úsáideoirí rúndacht a chinntiú le linn dóibh a gcuid dualgas a chomhlíonadh agus le linn dóibh a bheith i mbun gnó a bhaineann le Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe.

REACHTAÍOCHT

D'fhéadfadh dliteanas pearsanta úsáideoirí agus/nó dliteanas ionadach ar Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe a bheith i gceist mar thoradh ar shárú ar an bpolasaí seo faoi achtacháin éagsúla lena n-áirítear na hachtacháin seo a leanas ach níl sé teoranta do na hachtacháin seo:

- An tAcht um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003
- An tAcht um Chomhionannas Fostaíochta 1998
- An tAcht um Stádas Comhionann 2000
- An tAcht um Shaoráil Faisnéise 1997
- An tAcht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht Leanaí 1990
- An tAcht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar 2000

I measc na gcáipéisí eile de chuid Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe a bhaineann leis an bpolasaí seo tá polasaithe maidir le:

- Bulaíocht agus Ciapadh
- Comhionannas
- Cód Iompair

SÁRUITHE AR AN BPOLASAÍ

D'fhéadfadh comhalta foirne nó mac léinn/foghlaimeoir ar bith a aimsítear a bheith ag baint mí-úsáide as an bpolasaí seo a bheith faoi réir nósanna imeachta araíonachta agus gníomh araíonachta, roimh agus i rith na tréimhse díbhe. D'fhéadfadh cúisimh choiriúla nó shibhialta i gcoinne na ndaoine i gceist a bheith mar thoradh ar sháruithe tromaí ar an bpolasaí seo.

EOLAS RIARACHÁIN DO THEAGASCÓIRÍ

ACMHAINNÍ

Sula dtosaíonn cúrsa ar bith ba cheart duit a chinntiú leis an bPríomhoide Scoile/le Stiúrthóir an Ionaid go bhfuil osteilgeoirí, áiseanna fótachóipeála etc. ar fáil. Sa chás go dtabhaíonn tusa costais as ábhair agus acmhainní a cheannach ba cheart duit na socruithe aisíoctha a phlé le do Phríomhoide/Stiúrthóir an Ionaid. Ní mór duit admháil a choinneáil. Is iondúil go mbíonn sé deacair teacht ar acmhainní maithe agus iarraimid ort na hacmhainní a bhí in úsáid agat a thabhairt ar ais don Phríomhoide/do Stiúrthóir an Ionaid/don Chomhordaitheoir nuair a bheidh tú réidh leo.

ÍOCAÍOCHT A ÉILEAMH

Bítear ag súil go ndéanfar éileamh uair sa choicís. Ba cheart go mbeadh na nithe seo a leanas, comhlánaithe go cuí, le d'fhoirm éilimh:

- Foirm Éilimh: Nuair a bheidh gach cuid den fhoirm comhlánaithe agat, ba cheart í a shíniú agus a sheoladh ar ais chuig an duine cuí – Príomhoide/Stiúrthóir/Comhordaitheoir/Eagraí an Chúrsa/Leasoifigeach Feidhmiúcháin.
- Ba cheart cáipéisí ar bith a iarrann Eagraí an Chúrsa/Leasoifigeach Feidhmiúcháin (Sonraí an Mhic Léinn, Taifead Tinrimh an Mhic Léinn, Tuairiscí ar Ghníomhaíochtaí etc.) a bheith i gceangal leis na cáipéisí freisin.

Ba cheart táillí teagaisc a éileamh sa téarma ina ndéantar an teagasc.

OILIÚINT

Ba cheart an Fhoirm Riachtanas Oiliúna a úsáid le do riachtanais oiliúna a thaifeadadh agus a chur in iúl.

CLEACHTAIS & NÓSANNA IMEACHTA FETAC

EOLAS FAOI FETAC (Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna)

Comhlacht dámhachtana náisiúnta don bhreisoideachas agus oiliúint in Éirinn é Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna (FETAC) a thugann deis do dhaoine aitheantas a fháil don mhéid atá á fhoghlaim acu in ionaid oideachais nó oiliúna, san ionad oibre nó sa phobal.

I measc na bhfeidhmeanna atá ag FETAC tá:

- Dámhachtainí a dhéanamh agus a chur chun cinn
- Cláir a bhailíochtú
- Caighdeán na gclár a mhonatóiriú agus a chinntiú
- Caighdeáin a chinneadh

DÁMHACHTAINÍ FETAC A ÁIREAMH AR CHREATOIBRE NÁISIÚNTA NA GCÁILÍOCHTAÍ

Tá FETAC freagrach as córas nua cáilíochtaí a fhorbairt don earnáil breisoideachais agus oiliúna. Tá an córas seo mar chuid d'fhorbairt Chreatoibre Náisiúnta na gCáilíochtaí (10 leibhéal) a áireoidh, de réir a chéile, na gradaim ar fad a bheidh ar fáil sa stát ón mbunleibhéal (Leibhéal 1) go dtí an t-ardleibhéal foghlama (Leibhéal 10). Tá freagracht ar leith ar FETAC as raon gradam a sholáthar ag leibhéal 1-6 sa chreatoibre nua. Den chéad uair riamh, tugtar léargas sa chreatoibre ar an ngaol atá idir dámhachtainí oideachais agus oiliúna in Éirinn, mar a mbeidh léargas soiléir le fáil ann ar mhodhanna dul chun cinn, rochtain agus deiseanna aistrithe.

Tá tuilleadh eolais le fáil ar láithreán gréasáin FETAC, www.fetac.ie

Tugtar léargas ar Chreatoibre Náisiúnta na gCáilíochtaí sna hAguisíní.

RIALACHA MEASÚNAITHE FETAC

Tá dualgas ort a bheith ar an eolas faoina bhfuil scríofa sna rialacha a bhaineann le scrúduithe scríofa, tascanna agus measúnuithe praiticiúla agus na himpleachtaí a bhaineann leis na rialacha seo a shárú.

Obair Chúrsa Scríofa (Tascanna / Tionscada(i)l)

I. Níor mhór d'fhoghlaimeoirí aird a thabhairt ar na spriocdhátaí chun obair chúrsa scríofa a áirítear mar chuid den mheasúnú a sholáthar.
II. Ní mór d'fhoghlaimeoirí dearbhú a shíniú go bhfuil an obair chúrsa ar fad (tascanna, tionscadail, taifid, bailiúchán oibre, portfóilíonna etc.) chun críche measúnaithe déanta acu féin. Ní hionann ábhar a thógtar go díreach ón Idirlíon nó ó fhoinsí eile agus obair an fhoghlaimeora agus breathnófar ar a leithéid mar bhradaíl.
III. Sa chás go dtugtar faoi thionscadail/faoi thascanna grúpa, ní mór do gach iarrthóir a léiriú gurb é a c(h)uid oibre féin atá ann agus fianaise thacaíochta ar an obair atá déanta ag gach duine mar chuid den tionscadal/tasc grúpa a chur ar fáil.
IV. Níor cheart d'fhoghlaimeoirí rochtain a fháil ar chomhaid iarrthóra eile ar ríomhaire.
V. Níor cheart d'fhoghlaimeoirí cur isteach air nó damáiste a dhéanamh ar shlí ar bith d'obair foghlaimeoirí eile.

Scrúduithe Scríofa

1. Ba cheart d'fhoghlaimeoirí nóta a dhéanamh de dháta, d'am agus d'ionad gach scrúdú scríofa.
2. Níor mhór d'fhoghlaimeoirí a bheith sa seomra scrúdaithe roimh thús an scrúdaithe.
3. Ní bheidh cead isteach ag foghlaimeoirí sa seomra scrúdaithe nuair a bheidh tús curtha leis an scrúdú.
4. Má fhágann foghlaimeoir an seomra scrúdaithe roimh dheireadh an scrúdaithe ní mór dó/di na páipéir scrúdaithe, na freagarleabhair agus an t-ábhar gaolmhar ar fad e.g. dioscaí etc. a thabhairt don fheitheoir.
5. Níl cead ag foghlaimeoirí teileafóin phóca, leabhair, páipéar ná nótaí (seachas i gcás leabhar scrúdaithe oscailte) a thabhairt isteach sa seomra scrúdaithe.
6. I rith an scrúdaithe, níl cead ag foghlaimeoirí cumarsáid a dhéanamh nó iarracht cumarsáid a dhéanamh le hiarrthóir eile.
7. Níor cheart d'fhoghlaimeoirí damáiste a dhéanamh den seomra scrúdaithe ná d'aon rud istigh sa seomra scrúdaithe.
8. Níor mhór d'fhoghlaimeoirí aird a thabhairt ar threoracha an fheitheora maidir le gach rud a bhaineann leis an scrúdú.
9. Féadfar foghlaimeoirí a chaitheamh amach as an seomra scrúdaithe bunaithe ar a gcuid iompair, má mheasann an feitheoir go bhféadfadh an t-iompar sin tionchar a imirt ar reáchtáil an scrúdaithe.

10. Ag deireadh an scrúdaithe, ba cheart d'fhoghlaimeoirí éirí as an scríbhneoireacht láithreach bonn, an t-ábhar freagartha a thabhairt don fheitheoir agus fanacht ina suí go gcuirtear a mhalairt in iúl.

Níor mhór do theagascóirí an t-eolas seo a thabhairt d'fhoghlaimeoirí

Scrúduithe ar Ríomhaire

Glacfar leis na rialacha a bhaineann le scrúduithe scríofa de réir mar a oireann d'iompar scrúduithe ar ríomhaire. Chomh maith leis sin:

I. Níor mhór d'fhoghlaimeoirí an scrúdú a chríochnú ag an ríomhaire a shonraíonn an feitheoir.
II. Níl cead ag foghlaimeoirí dlúthdhioscaí, dioscaí boga, maidí cuimhne ná trealamh ríomhaireachta a thabhairt isteach sa seomra scrúdaithe.
III. Níor cheart d'fhoghlaimeoirí rochtain a fháil ar chomhaid iarrthóra eile ar ríomhaire.
IV. Níor cheart d'fhoghlaimeoirí cur isteach ar shlí ar bith ar ríomhairí ná ar threalamh sa seomra scrúdaithe.
V. Ag deireadh an scrúdaithe, ba cheart d'fhoghlaimeoirí éirí as an gclóscríobh láithreach bonn, an t-ábhar freagartha ar fad (dioscaí, ábhar clóite) a thabhairt don fheitheoir agus fanacht ina suí go gcuirtear a mhalairt in iúl.

Measúnuithe Praiticiúla

Glacfar leis na rialacha a bhaineann le scrúduithe scríofa de réir mar a oireann do reáchtáil na measúnuithe praiticiúla. Chomh maith leis sin, níor mhór do mhic léinn na nithe seo a leanas a chinntiú:

I. Trealamh cosanta pearsanta a chaitheamh sa chás gur cuí sin i gcomhthéacs na measúnachta atá i gceist.
II. Aird a thabhairt ar nósanna imeachta agus ar chleachtais sábháilteachta i gcónaí.
III. A chinntiú nach gcuireann siad a sábháilteacht féin i mbaol, sábháilteacht an mheasúnóra, sábháilteacht an phobail nó sábháilteacht na timpeallachta.

PIONÓIS MAIDIR LE SÁRÚ NA RIALACHA MEASÚNUITHE

Caithfear le sárú nó iarracht ar Rialacha Measúnaithe Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe a shárú, a dhéanfaidh foghlaimeoir ar bith nó thar ceann foghlaimeora ar bith eile mar chion.

Measfar gur tharla sárú ar rialacha measúnaithe nuair a rinneadh nó nuair a rinneadh iarracht ar cheann amháin acu seo a leanas:

- Calaois
- Cóipeáil
- Bradaíl
- Mífhaisnéis
- Breabaireacht

- Falsú
- Pearsanú nó foirm ar bith eile meabhlaireachta
- Éilimh fhalsa úinéireachta maidir le tascanna atá déanta ag an foghlaimeoir

Féadfar **pionóis** a fhorchuirfear i ndáil le sárú na rialachán measúnaithe ceann ar bith nó na nithe seo a leanas a chur san áireamh:

- Gan creidiúint a thabhairt don mheasúnú nó don chuid den mheasúnú lena mbaineann an cion
- Creidiúint ar bith don mhodúl lena mbaineann an cion
- Creidiúint as na modúil ar fad do bhliain áirithe ina raibh an cúrsa á dhéanamh
- Neamh-incháilithe do dhámhachtain i rith bhliain an tsáraithe
- An t-iarrthóir a chur ar fionraí ó ghníomhaíochtaí uile an choláiste/an ionaid, ar feadh tréimhse shonraithe ama
- Moladh a chur faoi bhráid Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe an t-iarrthóir a chur ar fionraí go foirmiúil ón scoil/ón ionad

Cuirfear in iúl d'fhoghlaimeoirí i scríbhinn nuair atá sárú amhrasta ar rialacháin mheasúnaithe á imscrúdú.

CREATOIBRE NÁISIÚNTA NA GCÁILÍOCHTAÍ

CLÁIR FETAC

MODÚ(I)L C(H)REIDIÚNAITHE FETAC A SHEACHADADH

Ba cheart go mbeadh eolas agat ar na nithe seo a leanas:

- imlíne an mhodúil agus a chinntiú go mbíonn foghlaimeoirí/mic léinn ar an eolas faoi ábhar an mhodúil agus an toradh a bhfuiltear ag súil leis ag tús an chúrsa.
- teicnící measúnaithe an mhodúil.
- tuiscint ar a bhfuil i gceist le tuairiscín agus an tábhacht a bhaineann le cloí leis na hamscálaí atá leagtha síos chun obair a chur ar fáil.

FOGHLAIMEOIRÍ/MIC LÉINN A ULLMHÚ DO MHEASÚNÚ FETAC

Nuair a shíleann tú go bhfuil foghlaimeoirí réidh le léargas i scríbhinn a thabhairt ar thoradh na foghlama ba cheart duit cruinniú a eagrú leo chun tuairiscín an mheasúnaithe a phlé. D'fhéadfadh go mbeadh soiléiriú aonair ag teastáil ó fhoghlaimeoirí aonair faoin tuairiscín. Ba cheart taifead den phróiseas seo a choinneáil i d'iris féin.

CRUINNITHE ATHBHREITHNITHE LE D'FHOGHLAIMEOIRÍ

Ba cheart duit cruinnithe athbhreithnithe a eagrú le d'fhoghlaimeoirí ar bhonn duine le duine, ar bhonn grúpa, ar a laghad, uair amháin sa téarma. Ba cheart taifead de thoradh na gcruinnithe seo a choinneáil i d'iris féin. Úsáid roinn na nótaí i do Phlean Ceachta chun é seo a thaifeadadh. Seachas sin, féadfaidh tú do bhileog machnaimh féin a dhearadh.

BREITHMHEAS CÚRSA

Cuid lárnach d'éascú maith nó d'oiliúint mhaith é breithmheas. Tá baint ag trí phríomhpháirtí le clár foghlama a bhreithniú: comhordaitheoir an chúrsa, an foghlaimeoir agus an teagascóir (Feic Roinn Fhoirmeacha na dTeagascóirí).
Ba cheart don teagascóir a iarraidh ar fhoghlaimeoirí Foirm Machnaimh an Fhoghlaimeora, Foirm Breithmheasa Deiridh Téarma agus Foirm Breithmheasa Deiridh Cúrsa a chomhlánú. Chomh maith leis sin, iarrtar ar theagascóirí Foirm Machnaimh an Teagascóra agus Foirm Féin-Bhreithmheasa an Teagascóra a chomhlánú.

MEASTACHÁIN CHUN CRÍCHE MEASÚNAITHE FETAC A SHOLÁTHAR

Is den tábhacht é go dtugann tú meastachán do d'Eagraí Cúrsaí/Príomhoide/Stiúrthóir Ionaid maidir leis na daoine a bheidh/a d'fhéadfadh a bheith réidh do mheasúnú FETAC. Ba cheart na sonraí seo a leanas a sholáthar:

- Ba cheart meastacháin do mheasúnú na Samhna a sholáthar i mí Mheán Fómhair.
- Ba cheart meastacháin do mheasúnú na Bealtaine a sholáthar i mí Feabhra/Márta.

IONTRÁLACHA DEIRIDH DO MHEASÚNÚ FETAC

Nuair atá tú sásta go bhfuil iarrthóirí réidh tabhairt faoin mheasúnú seachtrach, ba cheart duit an Fhoirm um Thorthaí an Mheasúnaithe Iontrála (AREF) a chomhlánú le seoladh ar aghaidh chuig Eagraí an Chúrsa/an Príomhoide/Stiúrthóir/Comhordaitheoir an Ionaid.

Is é an teagascóir an Measúnóir Inmheánach agus ba cheart duit na rudaí seo a leanas a chinntiú:

Comhlánaigh an measúnú de réir na feidhmíochta ar a bhfuil cur síos i dtuairiscín an mhodúil.

- Marcáil gach píosa fianaise go soiléir i ndath éigin nach bhfuil in úsáid ag an iarrthóir.
- Cinntigh an bhfuil an obair béil ar fad san áireamh.
- Cinntigh go bhfuil marc dearg nó glas ar an bhfianaise ar fad d'fhonn a chinntiú go bhfuil sé curtha san áireamh sa ghrád deiridh freisin.
- Comhlánaigh Bileog Mharcála an Iarrthóra agus ceangail leis an bhfianaise chuí.
- Sínigh Bileog Mharcála an Iarrthóra Aonair.
- Cinntigh go síníonn an foghlaimeoir Bileog Mharcála an Iarrthóra Aonair.

TÁBHACHTACH: Tagair do Threoirlínte FETAC agus don Roinn Measúnaithe i dTuairiscín an Mhodúil.

SLÁNDÁIL OBAIR NA NIARRTHÓIRÍ

Ba cheart duit na rudaí seo a leanas a chur i gcrích:

- Bailigh nó glac le tascanna ar an dáta sonraithe sa tuairiscín.
- Tabhair admháil don obair atá faighte.
- Seiceáil an obair a cuireadh ar fáil agus coimeád taifead san Fhoirm Taifead Tascanna/san Fhoirm Ghlactha Portfóilió agus iarr ar an bhfoghlaimeoir an fhoirm a shíniú agus taifead a choinneáil ina d(h)ialann.
- Stóráil portfóiliónna críochnaithe in áit shábháilte. Cabhróidh d'Eagraí Cúrsa leat leis seo.

Tabhair d'iris leis na portfóiliónna comhlánaithe d'Eagraí an Chúrsa/don Phríomhoide/do Stiúrthóir/do Chomhordaitheoir an Ionaid.

NÓSANNA IMEACHTA FETAC

OBAIR A LEAGAN ISTEACH

Féach ar an nóta thuas maidir le hIontrálacha Deiridh

PORTFÓILIÓNNA FETAC A CHUR I LÁTHAIR

Bailiúchán in ord d'obair an fhoghlaimeora atá i bPortfóilió na hOibre Cúrsa. Áit ar cuí, ba cheart gurb iad na hiarrthóirí féin a bheadh freagrach as a gcuid portfóiliónna féin a chur i dtoll a chéile.

- Beidh ar gach iarrthóir fillteán aonair dá c(h)uid oibre a chur i láthair.
- Ba cheart go mbeadh leathanach cumhdaigh FETAC ar gach portfóilió ar a bhfuil cur síos ar an modúl, cód an mhodúil, ainm an iarrthóra agus uimhir scrúdaithe an iarrthóra.
- Ba cheart go gcuirfí obair an iarrthóra i láthair (scripteanna scrúdaithe marcáilte san áireamh) san ord atá luaite i dtuairiscín an mhodúil.
- Ba cheart gach roinn ar leith a ainmniú le leathanach cumhdaigh nó le lipéad, an bhileog mharcála chuí agus tuairiscín an mheasúnaithe chuí.
- Ba cheart dhá phortfóilió mharcáilte chomhlánaithe, in ord aibítre, a chur ar fáil i mbosca lipéadaithe i dteannta Bhileog Torthaí an Mhodúil.
- Tabharfar an bosca seo don Phríomhoide/do Stiúrthóir an Ionaid a thabharfaidh admháil don teagascóir ansin.
- Níor mhór an fhianaise ar fad a choinneáil go mbeidh tréimhse na n-achomharc caite.

BAILIÚ OBAIR NA MAC LÉINN I NDIAIDH NÓS IMEACHTA NA N-ACHOMHARC

Ach a mbeidh dáta measúnaithe an achomhairc caite, cuirfidh an Príomhoide/Stiúrthóir an Ionaid an t-am agus an dáta sonraithe chun a gcuid oibre a bhailiú in iúl.
Ba cheart d'iarrthóirí socruithe a dhéanamh a gcuid oibre a bhailiú an lá sin iad féin nó ionadaí a ainmniú.
Sula nglactar leis an obair ar ais agus sula sínítear an admháil, ba cheart do na hiarrthóirí a chinntiú go bhfuil an obair ar fad ann. Ba cheart a chur in iúl don Phríomhoide/do Stiúrthóir an Ionaid má tá rud ar bith in easnamh.

Mura mbailítear obair ar an dáta sonraithe nó laistigh de mhí amháin i ndiaidh an dáta scriosfar é

NÓS IMEACHTA ACHOMHARC FETAC

Comhairliúchán Inmheánach

- Más mian le foghlaimeoir achomharc a dhéanamh ar a c(h)uid torthaí, ba cheart dó/di scríobh ag Príomhoide/Stiúrthóir/Comhordaitheoir an Ionaid laistigh de thrí lá ó na torthaí a fháil ar mhaithe lena chur in iúl gur mian leis/léi achomharc a dhéanamh ar c(h)uid torthaí.
- Ach a mbíonn iarratas ar acmhomharc faighte,

Nós Imeachta Achomharc Seachtrach FETAC

- Má tá foghlaimeoir fós míshásta le toradh an chruinnithe seo, féadfaidh sé/sí a iarraidh go ndéanfaidh FETAC achomharc ar an marc. Sa chás seo, comhlánófar agus seolfar láithreach bonn an Fhoirm Iarratais Achomharc.

- Tá achomharc faoi réir táille FETAC a íoc do gach modúl a ndéantar achomharc air. Tá seiceanna iníoctha le FETAC. Sa chás go ndéantar toradh a leasú go fabhrach, aisíocfar an táille.

- Cuirtear na nósanna imeachta seo a leanas i bhfeidhm i gcás gach achomharc:
    - Seiceáiltear tuairisc an scrúdaitheora sheachtraigh chun teacht ar thuairimí a bhaineann le gach cás sonrach.
    - Beifear ag súil go gcuirfidh an t-ionad an fhianaise ábhartha a raibh rochtain uirthi ar fáil, i.e. portfóilió fianaise iomlán an iarrthóra.
    - Déanann scrúdaitheoir seachtrach eile an fhianaise a athmheas go neamhspleách.
    - Cuirtear an toradh deiridh ar fáil do FETAC agus don scoil/ionad.
    - Cuirfear an foghlaimeoir ar an eolas ina dhiaidh sin.

TREOIRLÍNTE MAIDIR LE TASCANNA A DHEARADH

Maidir le cuid de na teicnící measúnaithe, dála tascanna agus tionscadal, níor mhór don teagascóir / don mheasúnóir inmheánach tuairiscín a dhearadh d'fhoghlaimeoirí. Go ginearálta, cuirtear an tuairiscín seo ar fáil don fhoghlaimeoir i bhfoirm scríofa agus áirítear ann an t-eolas ar fad a theastaíonn ó fhoghlaimeoirí chun tasc nó tionscadal a chur i gcrích. Sa tuairiscín áirítear treoirlínte maidir le táirgeadh agus le cur i láthair fianaise, eolas maidir le méid, fad, scála, líon focal, méid ama, meáin, nó ar cheart cáipéis chlóscríofa nó lámhscríofa a chur ar fáil.

Ba cheart don teagascóir/measúnóir inmheánach a chinntiú go dtugtar léargas i dtuairiscín an mheasúnaithe ar na nithe seo a leanas:

- Aon saintorthaí foghlama ar a ndéantar cur síos i dtuairiscín an mhodúil.
- Go dtugtar léargas ar na treoirlínte atá luaite i gCuid 11 den mhodúl, lena n-áirítear ualú céatadánach an taisc
- Eolas soiléir agus gan débhrí, a chiallaíonn gur furasta d'fhoghlaimeoirí na rudaí nach mór dóibh a chur i gcrích a léiriú.
- Infhaighteacht acmhainní agus/nó ábhair a bheidh ag teastáil ón bhfoghlaimeoir.
- Fógra maidir leis an spriocdháta comhaonaithe d'fhoghlaimeoirí fianaise a sholáthar.
- Eolas cosúil leis na riachtanais a bhaineann le fianaise a sholáthar agus/nó sonraí maidir le teicnící measúnaithe a chomhtháthú.
- Critéir mheasúnaithe a chur san áireamh.

FOIRMEACHA

FOIRM SEICLIOSTA AN TEAGASCÓRA

Admháil Cáipéisí an Teagascóra

Ainm: _____

Seoladh: _____

Uimh. Theileafóin: _____

Tá na cáipéisí seo a leanas tugtha dom:

Lámhleabhar an Teagascóra	**o**
Sonraí an Chúrsa	**o**
Sonraí an Ghrúpa	**o**
Rochtain ar Acmhainní	**o**
Polasaithe an Ionaid (más cuí)	**o**

Síniú an Teagascóra: _____ **Dáta:** _____

SONRAÍ AN CHÚRSA (FETAC)

Clár: _____

Leibhéal: _____

Ionad/Seomra Ranga: _____

An Líon Foghlaimeoirí: _____

Dáta Tosaigh: _____

Dáta Críochnaithe: _____

Comhordaitheoir an Chúrsa: _____

Sonraí Teagmhála: _____

FOIRM CHLÁRÚCHÁIN FOGHLAIMEORA 1

AINM: _____

SEOLADH: _____

_____

UIMHIR THEAGMHÁLA: _____UIMHIR PPS: _____

DÁTA BREITHE: _____INSCNE: _____

CÚRSA: _____

Cáilíochtaí Oideachais/ Cúrsa(í) déanta:

_____

_____

_____

Taithí Fostaíochta:

_____

_____

_____

Déan cur síos gairid ar an gcúis ar mian leat an cúrsa seo a dhéanamh:

_____

Cár chuala tú faoin gcúrsa seo? _____

Síniú an Fhoghlaimeora: _____ Dáta: _____

FOIRM CLÁRÚCHÁIN FOGHLAIMEORA 2

(Mic Léinn AE agus Náisiúnaigh neamh-AE eile)

AINM: _____

SEOLADH:_____

DÁTA BREITHE:_____

UIMHIR PPS: _____

NÁISIÚNTACHT: _____

AN CÚRSA A BHFUIL IARRATAS DÉANTA AIR:
_____

Cuspóirí: _____

Cár chuala tú faoin gcúrsa seo?_____

Cén cumas Béarla atá agat? _____

Labhairt _____ Léamh _____ Scríobh _____

Aois fágála scoile _____

Cáilíochtaí Oideachais _____

_____

Stádas fostaíochta: _____

Má tá tú fostaithe, luaigh do shonraí fostaíochta:
_____

_____

Teagascóir: _____ Ionad: _____

TAIFEAD TINRIMH RANGA

Cúrsa _____ **Teagascóir_____**

Dáta Tinrimh

AINM AN FHOGHLAIMEORA AINM:												

SONRAÍ TEAGMHÁLA AN FHOGHLAIMEORA–**ACHOIMRE**

Ba cheart d'fhoghlaimeoirí na sonraí seo a sholáthar sa chéad rang den chúrsa. Is den tábhacht é gur féidir teagmháil a dhéanamh le foghlaimeoirí más gá ranganna a chur ar ceal gan mórán fógra nó má athraítear ionad an ranga.

Ainm	Seoladh	Uimhir Theagmhála

FOIRM SÍNITHE ISTEACH AN FHOGHLAIMEORA

Teagascóir: _____

Grúpa: _____

Dáta: _____

Am _____

Ionad: _____

SÍNIÚCHÁIN

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

MEASÚNÚ TOSAIGH FOGHLAIMEOIRÍ

Ba cheart do theagascóirí an fhoirm seo a chomhlánú am éigin idir an tríú agus an cúigiú seisiún

Ainm	**Réamhfhoghlaim/ Réamhthaithí**	**Tacaíocht Riachtanach***

*Tacaíocht litearthachta, ábhair, acmhainní, etc.

IARRATAS AR THACAÍOCHT MIC LÉINN

(Más eol don teagascóir go dteastaíonn tacaíocht de chineál éigin ó mhac léinn, ba cheart dó/di an fhoirm seo a chomhlánú agus a thabhairt don Phríomhoide/do Stiúrthóir an Ionaid/do Chomhordaitheoir an Chúrsa)

IARRATAS AR THACAÍOCHT FOGHLAMA BHREISE

Ainm an Mhic Léinn: Seoladh: Uimhir Theagmhála: Uimhir PPS: Sonraí an Chláir:

Sonraí na tacaíochta riachtanaí:

Curtha ar aghaidh ag:

Síniú an Fhoghlaimeora: _____ Dáta:_____

Síniú an Fhoghlaimeora: _____ Dáta:_____

CLÁR SEACHADTA AN CHÚRSA

Is ionann Clár Seachadta an Chúrsa agus struchtúr agus ábhar an chúrsa do theagascóirí. Ba cheart go n-áireodh sé cuspóirí teagaisc agus foghlama agus go mbeadh pleananna ceachta ranga ann freisin. Déantar cur síos i gClár Seachadta an Chúrsa ar ábhar an chúrsa, torthaí foghlama sonracha agus fráma ama seachadta.

Grúpa: Minicíocht: Suíomh:
Fráma Ama: Lá/Laethanta agus Am:

Aonad	Toradh Foghlama Sonrach	Fráma Ama: Approx.	Teaching Strategies and Learning Activities	Acmhainní	Measúnú FETAC	Breithmheas
1						
2						
3						
4						
5						
6						
7						
8						

Nuair a bheidh an teagascóir ag tosú leis an gcúrsa cinnfear an t-ord ina mbeidh na haonaid á dteagasc.

PLEAN CEACHTA FETAC

Ba cheart é seo a ullmhú agus a chomhlánú roimh gach rang agus é a choimeád i lámhleabhar an teagascóra

Aonad: _____ **Toradh Foghlama Sonrach**: _____

Dáta tosaigh: _____ **Ábhar**: _____

An toradh foghlama a bheidh an foghlaimeoir in ann a léiriú nuair a bheidh an t-aonad seo críochnaithe:

_____

_____

Ábhair agus modhanna teagaisc úsáidte:

_____

_____

Tasc(anna):

_____

_____

Modh Measúnaithe (torthaí a thomhas lena chinneadh an bhfuil an t-ábhar foghlamtha):

_____

_____

_____

Nótaí maidir le machnamh le foghlaimeoirí:

_____

_____

_____

Sínithe: _____

Dáta: _____

LEABHAR TINRIMH SCRÚDAITHE

LIOSTA IARRTHÓIRÍ

Ó tharla an t-eolas seo a bheith rúnda ba cheart duit a iarraidh ar fhoghlaimeoirí/ar mhic léinn na sonraí a sholáthar ar bhileog aonair ar dtús agus ansin an t-eolas a scríobh ar an bhfoirm seo. Ba cheart duit an fhoirm seo a thabhairt do do Phríomhoide/Stiúrthóir an Ionaid/do Chomhordaitheoir an Chúrsa agus cóip a choinneáil i do lámhleabhar féin freisin. Caithfear leis na sonraí seo mar shonraí **rúnda**.

Modúl: _____

Teagascóir: _____

Ionad: _____

Dáta an Mheasúnaithe (beartaithe): _____ (Bealtaine nó Samhain)

CÉADAINM	SLOINNE	PPSN	DÁTA BREITHE

FOIRM ADMHÁLA TAISC (Tascanna FETAC)

CÚRSA: _____ TEAGASCÓIR: _____

TEIDEAL AN TAISC: _____

Ainm an Mhic Léinn	***Teideal an Taisc***	***Dáta Curtha ar Fáil agus Inisealacha an Mhic Léinn***	***Dáta Faighte agus Inisealacha an Teagascóra***

FOIRM ADMHÁLA PORTFÓILIÓNNA

CUID A – DON MHAC LÉINN AGUS DON TEAGASCÓIR

Teagascóir: _____Grúpa:_____ Ionad:_____

Sonraí an Mhodúil:_____

Ainm an Mhic Léinn: _____

Portfóilió faighte agus seiceáilte ar an (dáta): _____

Tuairimí:
_____

Síniúcháin

Mac léinn: _____ Dáta: _____

Teagascóir: _____ Dáta: _____

CUID B – DON TEAGASCÓIR agus DON CHOMHORDAITHEOIR

Comhordaitheoir: _____

Portfóilió faighte agus seiceáilte ar an (dáta): _____

Tuairimí:
_____

Síniúcháin

Teagascóir: _____ Dáta: _____

Comhordaitheoir: _____Dáta: _____

FOIRM IONTRÁLA UM MEASÚNÚ A MHEAS (EAEF)

Tréimhse an Mheasúnaithe (Cuir tic sa bhosca cuí) Samhain ☐
Bealtaine ☐
Leathanach ____ de _____

Ainm an Teagascóra:_____

Grúpa: Ionad_____ Lá_____ Am _____

Ainm an Ghrúpa	Cód an Mhodúil	Ainm an Mhodúil	Meastachán maidir le hIontrálacha	D'úsáid Oifige Rolla

Más amhlaidh go mbeidh Measúnú le déanamh i mí na Samhna ba cheart an fhoirm seo a sheoladh chuig do Chomhordaitheoir Cúrsa i mí Mheán Fómhair agus más amhlaidh go mbeidh Measúnú le déanamh i mí Bealtaine ba cheart an fhoirm seo a sheoladh chuig do Chomhordaitheoir Cúrsa i mí Feabhra. Cuirfidh do chomhordaitheoir na dátaí deiridh in iúl duit. Beidh na dátaí le feiceáil freisin ar chlár na bhfógraí agus ar an láithreán gréasáin: www.fetac.ie

Stampa an Ionaid agus Dáta:

D'úsáid oifige amháin:

An dáta ar cuireadh an t-eolas ar an láithreán gréasáin: _____

Sínithe: _____

FOIRM UM THORTHAÍ AN MHEASÚNAITHE IONTRÁLA (AREF)

Tréimhse an Mheasúnaithe (Cuir tic sa bhosca cuí)
Samhain □ Bealtaine □

Ainm an Teagascóra:_____

Cód an Mhodúil: _____ Ainm an Mhodúil _____
Leathanach _____ de ____

AINM AN MHIC LÉINN (in ord aibítre agus i mbloclitreacha)	Dáta Breithe	PPSN	Grád nó Marcanna	*D'úsáid Oifige Rolla*

Cuirfidh do Chomhordaitheoir Cúrsa na spriocdhátaí maidir leis an bhfoirm a sholáthar in iúl duit. Comhlánaigh foirm amháin le haghaidh gach grúpa. Coinnigh cóip i do lámhleabhar freisin

Stampa an Ionaid agus Dáta:

D'úsáid oifige amháin:
An dáta ar cuireadh an t-eolas ar Láithreán Gréasáin FETAC: _____

Sínithe: _____

TORTHAÍ MEASÚNAITHE FETAC (Monatóir Inmheánach)

Ainm	Dáta	Tástáil	Toradh	Tuairim

Anailís ar thorthaí:

_____
_____
_____
_____

Sínithe: _____
Teagascóir (Measúnóir Inmheánach)
Dáta: _____

Sínithe: _____
Dáta: _____

CLEACHTAS MACHNAMHACH – Treoirlínte

Áirítear sa chleachtas machnamhach machnamh agus anailís a dhéanamh ar do ghníomhaíochtaí féin agus é mar aidhm cleachtas a fheabhsú.

Nuair a iarrann tú ar d'fhoghlaimeoirí a bheith páirteach i gcleachtas machnamhach is minic go gcoimeádann siad dialann den mhéid atá déanta acu. Tá níos mó i gceist le cleachtas machnamhach ná iontráil dialainne amháin, áfach. Éilítear ar an bhfoghlaimeoir freisin smaoineamh ar a bhfuil déanta aige/aici agus ar an tslí a ndearna sé/sí a leithéid.

Beidh ort iarracht a dhéanamh an próiseas machnamhach a chur chun cinn i measc do chuid foghlaimeoirí. Trína leithéid seo a dhéanamh, tiocfaidh na foghlaimeoirí ar thuiscint ar na gnéithe éagsúla a chuaigh chun tairbhe dóibh agus conas, agus ansin a leithéid de rud a chur i bhfeidhm ar thascanna eile. Lena chois sin, beidh ar a gcumas na rudaí nár oibrigh dóibh a aithint freisin.

Ar an tslí chéanna, tabharfaidh do chleachtas machnamhach féin léargas ar an méid atá ag dul i bhfeidhm ar ghrúpa áirithe agus ar an méid nach bhfuil ag dul i bhfeidhm.

Bíonn am agus dua i gceist le cleachtas machnamhach a fhorbairt. Ag an tús, b'fhéidir go mbainfeadh tairbhe le machnamh a dhéanamh ar na deacrachtaí a tharla nó ar na réimsí sin a bhfuil deacrachtaí ag baint leo. Is é an toradh ba cheart a bheith air seo réitigh níos feiliúnaí ar dheacrachtaí a thagann chun cinn amach anseo. Trí mhachnamh a dhéanamh is féidir ciall a bhaint as an taithí.

MACHNAMH AN TEAGASCÓRA

Teideal an Mhodúil: _____

Ainm an Teagascóra _____Grúpa _____

Céard iad na spriocanna a bhí agam don mhodúl seo?
Céard é an rud ba thaitneamhaí faoi ghníomhaíochtaí foghlama an mhodúil a éascú?
An raibh réamhthaithí ar bith ag mo chuid foghlaimeoirí ar ábhar an mhodúil agus más amhlaidh go raibh, conas ar chuidigh sé leo na spriocanna a bhí sonraithe agamsa a chomhlíonadh?
Cad a d'fhoghlaim mé ón modúl seo a éascú?
Cad iad na gníomhaíochtaí ar éirigh leo foghlaimeoirí a spreagadh?
Cad iad na gníomhaíochtaí nár éirigh go maith leo agus cén fáth?
Aon tuairim eile
Sínithe _____ Dáta _____

MACHNAMH MIC LÉINN

Teideal an Mhodúil: _____

Ainm an Teagascóra _____ Grúpa _____

Céard iad na spriocanna a bhí agam don mhodúl seo?
Céard a thaitin liom faoi ghníomhaíochtaí foghlama an mhodúil?
An raibh réamhthaithí ar bith agam ar ábhar an mhodúil, agus más amhlaidh go raibh, conas ar chuidigh sé liom na spriocanna a bhí sonraithe agamsa a chomhlíonadh?
Cad a d'fhoghlaim mé ón modúl seo?
An bhfuil rud a bith eile a chabhródh liom leis an modúl seo?
Aon tuairimí eile:
Sínithe _____ **Dáta** _____

BREITHMHEAS – TREOIRLÍNTE

Cuid lárnach d'éascú maith nó d'oiliúint mhaith é breithmheas. Tá baint ag trí phríomhpháirtí le clár foghlama a bhreithniú. Seo a leanas na trí phríomhpháirtí: comhordaitheoir an chúrsa, an foghlaimeoir agus an teagascóir.

1. Comhordaitheoir an Chúrsa,
Monatóireacht inmheánach

Ba cheart go mbeadh dearcadh breathnóra sheachtraigh san áireamh i mbreithmheas maith freisin. Is iondúil gurb é seo an comhordaitheoir nó comhordaitheoir an chláir.

Modh: Pleananna oibre a shíniú Minicíocht: uair amháin sa téarma

2. Teagascóir

Féinmhonatóireacht

Bíonn méid áirithe féinmhonatóireachta ar bun ag teagascóirí sna teicnící láithreoireachta agus teagaisc a roghnaíonn siad. Féadfaidh teagascóir machnamh a dhéanamh ar feadh cúpla soicind ar a bhfuil ag tarlú nó i bhfad níos mó ama a chaitheamh ag ceistiú conas ar éirigh chomh maith lena straitéisí teagaisc nó leis na hábhair a bhíonn in úsáid acu. Ciallaíonn rannpháirtíocht i ndearbhú cáilíochta gur cheart cuntas scríofa d'fhéinmhonatóireacht a choinneáil.

Modh: ceistneoir féin-bhreithmheasa Minicíocht: uair amháin sa téarma

3. Foghlaimeoirí

3.1 *Eolas ó Mhic Léinn*

Ba cheart go mbeadh baint ag mic léinn le breithmheas ar bith a dhéantar ar chlár foghlama. D'fhéadfadh gurb éard a bheadh i gceist le breithmheas na mac léinn ceistneoirí, cruinnithe neamhfhoirmiúla agus cruinnithe foirmiúla.

Modhanna: ceistneoirí, cruinnithe neamhfhoirmiúla Minicíocht: uair amháin sa téarma, leanúnach

3.2 Tástáil

Tabharfaidh tástálacha atá deartha le foghlaim mic léinn a mheas léargas ar chomh maith is a d'éirigh leis an teagasc a bhí ar bun freisin. Féadfar torthaí tástálacha a thiomsú faoi dhó sa bhliain le haird a tharraingt ar na réimsí laga agus láidre teagaisc. Ba cheart iad seo a choinneáil agus a chur ar fáil don mhonatóir inmheánach agus seachtrach.

Modhanna: tástálacha/measúnuithe Minicíocht: Anailís faoi dhó sa bhliain ar thorthaí tiomsaithe.

AISEOLAS Ó THAIFEAD NA BHFOGHLAIMEOIRÍ

Is trí theagasc a fhaightear aiseolas. Tá sé tábhachtach go dtaifeadtar gach aiseolas (foirmiúil agus neamhfhoirmiúil) chuig agus uaidh foghlaimeoirí.

Teagascóir: _____ Grúpa: _____

Dáta: _____

Sonraí:(ainm an fhoghlaimeora agus achoimre ar an aiseolas)

_____

_____

_____

_____

_____

Dáta: _____

Sonraí:(ainm an fhoghlaimeora agus achoimre ar an aiseolas)

_____

_____

_____

_____

_____

Dáta: _____

FOIRM FÉIN-BHREITHMHEASA TEAGASCÓRA

Ainm: _____ **Dáta:** _____

Teideal an chúrsa nó an aonaid:
_____

Ar chuir mé an t-ábhar i láthair go soiléir agus go suimiúil?
_____

_____

Ar bhain mé úsáid as ábhar teagaisc éagsúil?
_____

_____

Ar éirigh liom idirghníomhú go maith le mo chuid foghlaimeoirí?
_____

_____

Ar bhain mé úsáid as meáin teagaisc éagsúla?
_____

_____

Ar leag mé dóthain béime ar na pointí tábhachtacha?
_____

_____

Ar thug mé dóthain deiseanna d'fhoghlaimeoirí idirghníomhú lena chéile ar shlí a chuir leis an eispéireas foghlama?
_____

Ar éist mé?
_____

An raibh gach duine ar a gcompord i mo rang?
_____

Ar chaith mé an iomarca ama ag plé le hábhar faoi leith?
_____

Ar chlúdaigh mé ábhar faoi leith róthapa?
_____

FOIRM BREITHMHEASA TÉARMA MIC LÉINN

Agus méid áirithe den chúrsa curtha i gcrích againn is mian linn deis a thabhairt do gach duine machnamh a dhéanamh ar an gcúrsa go dtí seo agus aiseolas a thabhairt dúinn maidir le bhur dtaithí féin ar an gcúrsa.

Freagair na ceisteanna seo a leanas chomh maith agus is féidir leat, agus luaigh moltaí/tuairimí ar bith eile a d'fhéadfadh a bheith agat nach n-áirítear sna ceisteanna.

Grúpa: _____ **Teagascóir:** _____

Ionad: _____ **Dáta:** _____

1. Céard iad na codanna is úsáidí den chúrsa?

2. Céard a chabhraigh leat páirt ghníomhach a bheith agat sa rang nó sa ghrúpa?

3. Céard é an rud ba chasta?

4. An bhfuil riachtanais ar bith agat nach bhfuil á gcomhlíonadh ag an gcúrsa?

5. Conas a mhothaíonn tú faoin gcúrsa go dtí seo?

6. An raibh tú sásta leis na nithe seo a leanas:

   Seomra Bhí ☐ Ní raibh ☐ Teagasc Bhí ☐ Ní raibh ☐

   Acmhainní Bhí ☐ Ní raibh ☐ Atmaisféar Bhí ☐ Ní raibh ☐

   Méid ama Bhí ☐ Ní raibh ☐

7. Aon tuairim/aon mholadh eile

*Sínithe:*_____ *Dáta :*_____
(roghnach)

BREITHMHEAS DEIRIDH CÚRSA
AN FHOGHLAIMEORA/AN MHIC LÉINN

Teideal an Chúrsa:
_____

Ionad: _____

Dáta: _____

Freagair na ceisteanna seo a leanas go hiomlán, le do thoil. Cuir ☑ le do rogha:

1. Ar chabhraigh an cúrsa seo leat na riachtanais oideachais a bhí agat ó thús a chomhlíonadh?

An-úsáideach o Úsáideach o Mí-úsáideach o

2. Céard é an rud ab fhearr faoi?

_____

_____

3. Cad é an rud ba lú a thaitin leat?

_____

_____

4. An ndeachaigh an cúrsa seo chun tairbhe duit?

_____

_____

5. An raibh tú den bharúil gur theastaigh níos mó ama uait chun an cúrsa a chríochnú?

_____

_____

6. An bhfuil eolas ar bith faighte agat maidir leis na deiseanna dul chun cinn atá ann?

_____
_____
_____

FOIRM ANAILÍSE AR RIACHTANAIS OILIÚNA AN TEAGASCÓRA

Ainm: _____

Sonraí Teagmhála: _____

_____

Sonraí maidir le teagasc atá déanta go dtí seo:

_____

_____

_____

Cé acu de na cúrsaí inseirbhíse seo a leanas a chabhródh leat le do chuid oibre?

1. Eolas faoi Mhodúil FETAC ☐
2. Cúrsa FETAC a sheachadadh ☐
3. Acmhainní agus Ábhair a fhorbairt ☐
4. Teicneolaíocht Faisnéise (Scileanna Ríomhaireachta) ☐
5. Eile (sonraigh, le do thoil): _____

An dteastaíonn tacaíocht uait le ceann ar bith de na nithe seo a leanas?

1. Acmhainní agus ábha(i)r b(h)reise ☐
2. Tacaíocht eile (sonraigh, le do thoil): _____

Sínithe:_____ **Dáta:**_____

Seol an fhoirm seo chuig comhordaitheoir an chúrsa agus coinnigh cóip i lámhleabhar an teagascóra freisin.

FILLTEÁN AN TEAGASCÓRA A ULLMHÚ

Ba chóir go mbeadh na nithe seo a leanas le fáil i bhfillteán an teagascóra:

- Bileog Achomair Torthaí Modúil comhlánaithe agus sínithe
- Cóip den Tuairiscín Modúil ábhartha
- Cóip de thuairiscíní na measúnuithe le haghaidh gach measúnú
- Scéimeanna marcála measúnaithe
- Cóip de na scrúduithe mar aon le freagraí agus le scéimeanna marcála samplacha agus bileoga tinrimh scrúdaithe
- Foirmeacha Admhála Portfóiliónna Iarrthóirí
- Leabhar Tinrimh Scrúduithe

Ba cheart an fillteán seo mar aon leis na portfóiliónna marcáilte a thabhairt don Phríomhoide/do Stiúrthóir/do Chomhordaitheoir an Ionaid

SEICLIOSTA DO THEAGASCÓIRÍ

Ag Tús an Chúrsa
Tabhair cur síos agus *Foirm Sonraí Cúrsa* d'fhoghlaimeoirí
Tabhair cóip chomhlánaithe *d'Fhoirm Chlár Seachadta an Chúrsa* d'fhoghlaimeoirí
Tabhair fad, dátaí, laethanta agus amanna an chúrsa
Tabhair Cóip de Lámhleabhar an Fhoghlaimeora do na foghlaimeoirí agus mar aon le léargas ar ábhair an lámhleabhair
Iarr ar fhoghlaimeoirí *Foirm Clárúcháin na Mac Léinn* a chomhlánú
Aistrigh sonraí an fhoghlaimeora chuig an *bhFoirm Sonraí Teagmhála*
Iarr ar fhoghlaimeoirí an *Fhoirm Sínithe Isteach* a chomhlánú
Comhlánaigh *Foirm Tinrimh* an Fhoghlaimeora

Ag Gach Ceacht
Comhlánaigh *Foirm an Phlean Ceachta*
Iarr ar gach foghlaimeoir an *Fhoirm Sínithe Isteach* a chomhlánú
Comhlánaigh *Foirm Tinrimh* an Fhoghlaimeora

I rith an Chúrsa
Comhlánaigh an *Fhoirm Measúnaithe Tosaigh*
Comhlánaigh an *Fhoirm Iarratais do Thacaíocht Foghlaimeora*
Comhlánaigh *Foirm FETAC um Thaifead Tascanna an Fhoghlaimeora*
Comhlánaigh *Foirm FETAC um Leabhar Tinrimh Scrúduithe*
Comhlánaigh *Foirm Taifead Aiseolais an Fhoghlaimeora*
Iarr ar fhoghlaimeoirí an *Fhoirm Breithmheasa Téarma* a chomhlánú
Tosaigh ar Fhillteán an Teagascóra a ullmhú

Ag Deireadh an Chúrsa
Comhlánaigh *Foirm Iontrála FETAC um Measúnú a Mheas*
Comhlánaigh *Foirm FETAC um Thorthaí an Mheasúnaithe Iontrála*
Comhlánaigh *Foirm FETAC um Admháil ar Phortfóilió*

Ag Deireadh an Chúrsa
Iarr ar fhoghlaimeoirí *Foirm Machnaimh an Fhoghlaimeora* a chomhlánú
Iarr ar fhoghlaimeoirí an *Fhoirm Breithmheasa Deiridh Téarma* a chomhlánú
Comhlánaigh *Foirm Machnaimh an Teagascóra*
Comhlánaigh Foirm Féin-Bhreithmheasa an Teagascóra
Comhlánaigh *Foirm Riachtanas Oiliúna an Teagascóra*
Comhlánaigh Fillteán an Teagascóra

TREOIR MAIDIR LE FOIRMEACHA A ÚSÁID & A CHOMHLÁNÚ

Foirm	Le comhlánú	Seol ar Aghaidh / Tabhair / Comhdaigh / Coinnigh
Seicliosta an teagascóra	Nuair a thosaíonn an cúrsa	Comhdaigh i lámhleabhar an teagascóra.
Sonraí an Chúrsa	Ag do chomhordaitheoir	Comhdaigh sa lámhleabhar
Sonraí teagmhála an mhic léinn	Ag foghlaimeoirí ag an gcéad seisiún	Coinnigh i do lámhleabhar
Measúnú Tosaigh	I rith an chéad 4 go 6 sheisiún	Coinnigh i do lámhleabhar
Tacaíocht do Mhic Léinn Cúram Leanaí Litearthacht Measúnú speisialaithe	Más léir duit go mbeidh tacaíochtaí ag teastáil	Seol ar ais chuig Comhordaitheoir an Chúrsa/Príomhoide/Stiúrthóir an Ionaid
Clár seachadta cúrsaí	Sula dtosaíonn an cúrsa	Seol ar aghaidh chuig do Chomhordaitheoir agus comhdaigh cóip i do lámhleabhar
Plean ceachta	Roimh gach ceacht	Comhdaigh i do lámhleabhar
Riachtanais oiliúna Teagascóirí	De réir mar a thagann an riachtanas chun solais	Seol ar aghaidh chuig Comhordaitheoir an Chúrsa/AEO
Taifead Measúnaithe	De réir mar a chomhlánaítear gach SLO	Comhdaigh sa lámhleabhar
Leabhar Tinrimh Scrúduithe	Ag gach scrúdú	Comhdaigh i do lámhleabhar agus tabhair cóip do do Chomhordaitheoir
Taifead Taisc	Nuair a bheidh SLO comhlánaithe	Coinnigh i do lámhleabhar
Meastacháin (EAFF)	Do thréimhse an mheasúnaithe	Comhdaigh i do lámhleabhar agus seol cóip chuig do Chomhordaitheoir
Toradh Measúnaithe (AREF)	Nuair a bhíonn portfóiliónna comhlánaithe & marcáilte	Comhdaigh i do lámhleabhar agus seol cóip chuig do chomhordaitheoir
Admháil le haghaidh Portfóiliónna	Nuair a bhíonn Portfóiliónna á mBailiú	Comhdaigh sa lámhleabhar
Machnamh an teagascóra	Uair amháin sa téarma	Coinnigh sa lámhleabhar
Machnamh an Fhoghlaimeora	Uair amháin sa téarma	Coinnigh sa lámhleabhar
Féin-bhreithmheas	Uair amháin sa téarma	Coinnigh sa lámhleabhar
Taifead Aiseolais	Aiseolas ar bith a thaifeadadh i rith an chúrsa	Coinnigh sa lámhleabhar
Breithmheas Téarma	Uair amháin sa téarma	Coinnigh sa lámhleabhar
Breithmheas deiridh cúrsa	Ag Deireadh an Chúrsa	Comhdaigh sa lámhleabhar
Rialacha Measúnaithe FETAC	Ag deireadh an chúrsa	Comhdaigh sa lámhleabhar